TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
SPIELMANN
arna tabhairt an 25 Meán Fómhair 2025[1]

Cás C-474/24

AR,
YT,
DI,
RN
páirtithe eile sna himeachtaí:
Österreichische Datenschutzbehörde,
Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (NADA Austria),
Österreichische Anti-Doping Rechtskommission (ÖADR)

(Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin na Cónaidhme, an Ostair))

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagail 2, 5, 6, 9 agus 10 – Raon feidhme – An coincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' – An coincheap 'sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna' – Dópáil sa spórt a chomhrac – Foilsiú ainm an duine a sháraigh na rialacha frithdhópála, fad a eisiaimh ó na himeachtaí spóirt agus na cúiseanna leis an eisiamh sin ar líne – Cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna – Comhréireacht – Airteagail 77 go 79 – Modhanna sásaimh – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach)

Clár

Réamhrá 3

An dlí lena mbaineann 4

A. Dlí an Aontais Eorpaigh 4

Dlí na hOstaire 6

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte . . . 7

Anailís . . . 10

B. An chéad cheist . . . 10

Léiriú docht na heisceachta in Airteagal 2(2)(a) de RGCS . . . 11

Ní thagann gníomhaíocht 'frithdhópála' lamsuigh de RGCS... . . . 12

– ...fiú más freagracht na mBallstát í . . . 12

– ...agus in ainneoin 'easpa' cineál eacnamaíoch . . . 14

Conclúid maidir leis an gcéad cheist . . . 15

An dara ceist . . . 15

Léiriú leathan ar an gcoincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' . . . 15

Cur i bhfeidhm sa chás seo . . . 18

Conclúid maidir leis an dara ceist . . . 20

An cúigiú ceist a tharchuirtear . . . 21

1. An méid atá i ngeall le cineál 'coiriúil' na gciontuithe agus na gcoireanna de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS . . . 21

Anailís ar chineál 'coiriúil' nó neamhchoiriúil na gciontuithe agus na gcoireanna frithdhópála, de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS . . . 22

– Aicmiú dlíthiúil na coire sa dlí náisiúnta . . . 22

– Cineál na coire . . . 23

– Tromchúis an phionóis . . . 26

Conclúid maidir leis an gcúigiú ceist . . . 27

An séú ceist . . . 27

An tríú agus ceathrú ceist . . . 29

Comhréireacht an fhoilsithe atá faoi cheist . . . 29

– Réamhbharúlacha agus tabhairt chun cuimhne prionsabal . . . 29

– Cumas an fhoilsithe na cuspóirí beartaithe a bhaint amach . . . 31

– Riachtanas an fhoilsithe i bhfianaise na gcuspóirí beartaithe . . . 32

– Comhréireacht ‘stricto sensu’, eadhon cothromaíocht a aimsiú idir na leasanna atá ann . . . 34

Tráth an chothromaíocht a bhaint amach . . . 35

Conclúid maidir leis an tríú agus ceathrú ceist . . . 37

An seachtú ceist . . . 37

An bhfuil an gearán don údarás maoirseachta roimh phróiseáil na sonraí inghlactha? . . . 37

An dtagann an gearán don údarás maoirseachta chun bheith inghlactha ‘a posteriori’? . . . 40

Conclúid maidir leis an seachtú ceist . . . 42

Conclúid . . . 42

Réamhrá

1. Tá an rialáil ar spórt le fáil i roinnt foinsí dlí. Is fianaise í an rialáil frithdhópála atá mar thoradh ar chomhchruthú normatach príobháideach agus poiblí air sin. Go háirithe, is ionstraim de chineál príobháideach é an Cód Domhanda Frithdhópála (CDF), arna ghlacadh de bhun reachtanna na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (WADA), ar gheall na Stáit is sínitheoirí é a urramú trí choinbhinsiún idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe i gcoinne dópáil sa spórt.[2] Cruthaíonn an rialáil sin, atá beartaithe chun beartais, rialacha agus rialacháin frithdhópála eagraíochtaí spóirt agus údaráis phoiblí ar fud an domhain a chomhchuibhiú, córas dlíthiúil, sonrach, *trasnáisiúnta*, de réir earnála.[3]

2. Iarradh ar an gCúirt Bhreithiúnais cheana rialú a thabhairt maidir le comhoiriúnacht rialála spóirt le dlí an Aontais, go háirithe i dtaca le soláthar seirbhísí gan srian nó an iomaíocht.[4]

3. Tugtar an deis don Chúirt Bhreithiúnais, deis nach raibh aici riamh cheana,[5] leis an gcás seo chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe den rialáil frithdhópála ag féachaint do na ceanglais a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. Is é atá i gceist ná ceanglais de chuid spórt eiticiúil, ar thaobh amháin, arb ionann iad sa chás seo agus foilsiú ainmneach na bpionós arna bhforchur ar lúthchleasaithe ar líne i gcás go sáraíonn siad na rialacha frithdhópála agus, ar an taobh eile, cosaint sonraí pearsanta na lúthchleasaithe sin, a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679[6] (‘RGCS’).

2 Arna shíniú i bPáras an 19 Deireadh Fómhair 2005 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007.

3 Féach, maidir le hidirghabháil sraitheanna dlíthiúla difriúla, Rigaux, F., ‘Les situations juridiques individuelles dans un système de relativité générale: Cours général de droit international privé’, *Recueil des cours de l’Académie de droit international de La Haye*, imleabhar 213, 1989, go háirithe lgh. 67 go 68. Féach, go sonrach maidir le rialáil frithdhópála, Diakité, A., *La mise en œuvre du Code mondial antidopage par les États*, Bruylant, an Bhruiséil, 2023, mír 127 agus míreanna leantacha.

4 Féach, mar shampla, faoi seach, breithiúnais an 12 Nollaig 1974, *Walrave agus Koch* (36/74, EU:C:1974:140), agus an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company* (C-333/21, ‘an breithiúnas in *European Superleague Company*’, EU:C:2023:1011).

5 Dearbhaíodh go raibh an chéad chás de chuid NADA do-ghlactha le breithiúnas an 7 Bealtaine 2024, *NADA agus páirtithe eile* (C-115/22, EU:C:2024:384). Féach, áfach, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta sa chás céanna sin (C-115/22, EU:C:2023:676).

6 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 95/46/CE (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

4. Ag an tráth seo, fad is atá CDF á leasú,[7] d'fhéadfadh raon feidhme an bhreithiúnais atá le teacht teorainneacha na hEorpa a shárú.

An dlí lena mbaineann

A. Dlí an Aontais Eorpaigh

5. Foráiltear in Airteagal 16(1) CFAE, go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Foráiltear mar seo a leanas ina mhír 2, '[f]éadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na rialacha a leagan síos a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit nuair a bheidh gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht na sonraí sin. Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi rialú údaráis neamhspleácha'.

6. Foráiltear in Airteagal 165(2) CFAE gurb é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais 'an ghné Eorpach a fhorbairt sa spórt, trí chothrom na Féinne agus an oscailteacht i gcomórtais spóirt agus comhar idir chomhlachtaí atá freagrach as an spórt a chur chun cinn agus trí iomláine choirp agus mhorálta na lúthchleasaithe, go háirithe na lúthchleasaithe is óige ina measc, a chosaint'. Chuige sin, foráiltear i mír 4 de go nglacfaidh 'an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún'.

7. Foráiltear in aithris 35 de RGCS gur 'cheart a áireamh ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte na sonraí uile i ndáil le stádas sláinte ábhair sonraí, ar sonraí iad lena nochtar faisnéis a bhaineann le stádas sláinte coirp nó meabhrach an duine is ábhar de na sonraí, mar atá ag an am, mar a bhí nó mar a bheidh. Áirítear ar an méid sin faisnéis faoin duine nádúrtha a bailíodh le linn an chláraithe le haghaidh seirbhísí cúraim sláinte [...] uimhir, siombal nó mír eolais a shanntar do dhuine nádúrtha le go ndéanfar an duine nádúrtha a shainaithint go huathúil chun críocha sláinte; faisnéis a fhaightear de bharr tástáil nó scrúdú a dhéanamh ar chuid den chorp nó ar shubstaint de chuid an choirp, lena n-áirítear de bharr sonraí géiniteacha agus samplaí bitheolaíocha; agus aon fhaisnéis faoi ghalar, mar shampla, nó faoi mhíchumas, baol galair, stair liachta, cóir chliniciúil, nó staid fhiseolaíoch nó bhithleighis an ábhair sonraí, beag beann ar an bhfoinse as a dtagann sí, mar shampla ó dhochtúir nó ó ghairmí cúram sláinte eile, ó ospidéal, ó fheiste míochaine nó ó thástáil in vitro diagnóiseach'.

8. Sonraítear in Airteagal 2(1) de RGCS, dar teideal 'Raon feidhme ábhartha' go bhfuil 'feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe, agus maidir le sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil trí mhodhanna eile seachas modhanna uathoibrithe'. Is léir ó Airteagal 2(2)(a) de RGCS nach bhfuil feidhm ag an Rialachán sin i leith próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar 'mar chuid de ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais'.

[7] Maidir le glacadh cóid nua, atá beartaithe in 2027 (féach suíomh gréasáin WADA atá ar fáil ar líne ag an seoladh seo a leanas: https://www.wada-ama.org/fr/nos-activites/le-code-mondial-antidopage/revision-du-code), féach Moladh 1/2025, arna ghlacadh an 11 Feabhra 2025 ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EDPB atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.edpb.europa.eu/system/files/2025-08/edpb_recommendations_202501_wada_2027_world_anti-doping_code_fr.pdf.

9. Foráiltear i bpointe 15 d'Airteagal 4 de RGCS, dar teideal 'Sainmhínithe', go gciallaíonn '"sonraí a bhaineann leis an tsláinte" sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte'.

10. Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta':

'1. Maidir le sonraí pearsanta:

(a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí ("dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht");

[...]

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil ("íoslaghdú sonraí");

[...]'

11. Sonraítear in Airteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal 'Dleathacht na próiseála':

'1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

[...]

(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;

[...]

(e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;

[...]

3. Déanfar an bunús don phróiseáil dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (e) de mhír 1 a leagan síos leis méid seo a leanas:

(a) dlí an Aontais; nó

(b) dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.

Cinnfear críoch na próiseála sa bhunús dlí sin nó, maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, beidh ga léi le haghaidh cúram [a] chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Féadfaidh forálacha sonracha a bheith sa bhunús dlí sin chun cur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo a oiriúnú, lena n-áirítear na coinníollacha ginearálta lena rialaítear dlíthiúlacht na próiseála sonraí ag an rialaitheoir; an cineálacha sonraí atá faoi réir a bpróiseála; na hábhair sonraí lena mbaineann; na

heintitis a bhféadfar na sonraí pearsanta a nochtadh dóibh agus na críocha ar chucu a bhféadfar iad a nochtadh dóibh; an teorannú de réir cuspóra; tréimhsí stórála; agus oibríochtaí próiseála agus nósanna imeachta próiseála, lena n-áirítear bearta chun próiseáil dhleathach agus chothrom a áirithiú, amhail iad sin do staideanna sonracha próiseála eile dá bhforáiltear i gCaibidil IX. Comhlíonfaidh dlí an Aontais nó dlí Ballstáit cuspóir a bhaineann le leas an phobail agus beidh sé i gcomhréir leis an aidhm dhleathach atá á saothrú.

[…]'

12. Toirmeasctar le hAirteagal 9(1) de RGPD, dar teideal 'Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil', *inter alia*, próiseáil ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte. Is léir ó Airteagal 9(2)(g) den Rialachán sin nach bhfuil feidhm ag mír 1 más 'gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú'.

13. Foráiltear in Airteagal 10 de RGCS, dar teideal 'Sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil' nach ndéanfar 'sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna […] a phróiseáil ach amháin faoi rialú údaráis oifigiúil nó nuair atá an phróiseáil sin údaraithe le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí. Ní choinneofar aon chlár cuimsitheach de chiontuithe coiriúla ach faoi rialú údaráis oifigiúil.

14. Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 77 de RGPD, dar teideal 'An ceart chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta', i mír 1:

'Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, ina (h)áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo.'

15. Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 78 de RGPD, dar teideal 'An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne údarás maoirseachta', i mír 1:

'Gan dochar do leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach ar bith eile, beidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlíthiúil leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil i gcoinne cinneadh a bhaineann leo a dhéanann údarás maoirseachta agus atá ina cheangal de réir dlí.'

Dlí na hOstaire

16. Is léir ó § 5(5) den Anti-Doping-Bundesgesetz 2021 (an Dlí Cónaidhme maidir le frithdhópáil 2021), an 23 Nollaig 2020 (BGBl. I, 152/2020) ('ADBG'), gur cuideachta fóntais phoiblí faoi dhliteanas teoranta é Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (an Ghníomhaireacht neamhspleách um chomhrac i gcoinne frithdhópáil, an Ostair, 'NADA') a chomhlíonann feidhmeanna eagraíochta néamhspleáiche um rialú ar dhópáil agus atá freagrach as próiseáil sonraí pearsanta.

17. De bhun phointe 4 de § 5(6) de ADBG, cuirfidh NADA gnéithe áirithe faisnéise in iúl don Bundes-Sportorganisation (Eagraíocht Spóirt na Cónaidhme, an Ostair), na heagraíochtaí spóirt, na lúthchleasaithe, na daoine eile, agus eagraithe comórtais, agus don phobal i gcoitinne gan chostas, eadhon 'na bearta réamhchúraim (mar shampla, bearta fionraí) agus na toirmisc atá dírithe ar lúthchleasaithe agus ar dhaoine eile, ar cuireadh ar a aird iad [...], agus baint na dtoirmeasc sin, agus ainm na ndaoine lena mbaineann, fad an toirmisc agus na cúiseanna atá leis, gan go mbeifear in ann catagóirí sonracha sonraí pearsanta na n-ábhar sonraí a dhéanamh amach, go háirithe sonraí a bhaineann leis an tsláinte. Is féidir an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár le haghaidh daoine atá go háirithe leochaileach agus lúthchleasaithe amaitéaracha [...].'

18. Foráiltear *inter alia* le § 6(2) de ADBG go n-áiritheoidh NADA slándáil na sonraí pearsanta agus na catagóirí áirithe sonraí pearsanta, i gcomhréir le hAirteagail 32 go 34 de RGCS. Sonraítear san fhoráil sin go n-eascraíonn 'an gá le sonraí a phróiseáil ó chur chun feidhme éifeachtach rialacha frithdhópála [CDF] agus forálacha an dlí cónaidhme seo, a mhéid atá na daoine lena mbaineann faoi cheangal go conarthach CDF a urramú'. Thairis sin, '[n]í fhéadfar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe sonraí a bhaineann leis an tsláinte, ach amháin a mhéid atá sé riachtanach go docht de bhun fhorálacha frithdhópála an dlí cónaidhme seo nó CDF'.

19. Is coimisiún poiblí agus neamhspleách ar chomhlachtaí rialtasacha, daoine aonair agus NADA é Österreichische Anti-Doping Rechtskommission (Coimisiún Breithiúnach Frithdhópála na hOstaire) ('ÖADR'), nach mór dó, de bhun § 7(1) de ADBG, 'nósanna imeachta araíonachta a reáchtáil don chónaidhm spóirt atá inniúil faoi seach i gcomhréir leis na rialacha frithdhópála atá i bhfeidhm sa chónaidhme spóirt idirnáisiúnta atá inniúil (nós imeachta frithdhópála)'.

20. De bhun § 21(3) de ADBG, ní mór do ÖADR, 'ar a dhéanaí 20 lá i ndiaidh don chinneadh teacht chun bheith críochnaitheach, a chur in iúl don Bundes-Sportorganisation [Eagraíocht Spóirt na Cónaidhme], na heagraíochtaí spóirt, na lúthchleasaithe, na daoine eile, agus eagraithe comórtais, agus don phobal i gcoitinne, na bearta réamhchúraim (mar shampla, bearta fionraí) arna bhforchur agus na cinntí arna nglacadh i gcomhthéacs nósanna imeachta frithdhópála, agus ainm na ndaoine lena mbaineann, fad an toirmisc agus na cúiseanna atá leis á gcur in iúl, gan go mbeifear in ann sonraí a bhaineann le sláinte an duine lena mbaineann a dhéanamh amach. Is féidir an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár le haghaidh daoine atá go háirithe leochaileach agus lúthchleasaithe amaitéaracha agus daoine a chuir go suntasach le sáruithe féideartha ar na rialacha frithdhópála a nochtadh trí fhaisnéis nó fianaise eile a nochtadh. Déanfar nochtadh maidir le lúthchleasaithe amaitéaracha ar chúiseanna sláinte poiblí i gcás go dtabharfar sárú ar na rialacha frithdhópála faoi deara i gcomhréir le pointe 3 de § 1(2) chomh maith le pointí 9 go 11'.

21. Is léir go bunúsach ó Airteagal 23(14) de ADBG, go bhfuil na hoibleagáidí céanna ar an Unabhängige Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách Eadrána, an Ostair, 'USK').

An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

22. I gcomhthéacs nósanna imeachta frithdhópála, bhí na lúthchleasaithe AR, YT, DI agus RN ('na hiarratasóirí') ina n-ábhar do chinntí fionraí (le haghaidh tréimhse bheartaithe nó don saol de réir an cháis), arna nglacadh ag ÖADR, a bhí inniúil chun nósanna imeachta frithdhópála a reáchtáil, nó ag USK, a bhí inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ÖADR.

23. De bhun reachtaíocht na hOstaire maidir le frithdhópáil, foilsíonn NADA na bearta fionraí arna gcinneadh ag ÖADR nó USK i bhfoirm liosta ar a shuíomh gréasáin. Le haghaidh fhad na mbeart fionraí, beidh le feiceáil ar an liosta sin ainm agus sloinne an lúthchleasaí lena mbaineann, an spóirt a chleachtann sé, an sárú arna dhéanamh ar na rialacha frithdhópála, an pionós arna fhorchur chomh maith lena thús agus a dheireadh. Foilsíonn ÖADR na sonraí céanna sin freisin, chomh maith leis an tsubstaint faoi thoirmeasc atá faoi cheist, trí ráiteas ar a shuíomh idirlín féin.

24. D'iarr na hiarratasóirí, ar an 14 agus 15 Deireadh Fómhair 2021, ar ÖADR agus ar NADA gan a n-ainm agus spórt faoi seach a chur in iúl. Níor ghlac ÖADR agus NADA leis na hiarrataí sin.

25. Ar an 22 Deireadh Fómhair 2021, chuaigh na hiarratasóirí os comhair Österreichische Datenschutzbehörde (Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí, an Ostair) ('Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí') le gearán de bhun Airteagal 77(1) de RGPD, ionas go n-aithneodh sé sárú ar an gceart go ndéanfar léirscriosadh agus go gcuirfear srian le sonraí agus go n-ordódh sé do ÖADR agus do NADA foilsiú a n-ainm agus na spóirt arna gcleachtadh a léirscriosadh ó na suíomhanna idirlín sin. Mhaígh siad freisin gur catagóir speisialta sonraí agus próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a bhí i gceist, de réir bhrí Airteagail 9 agus 10 de RGCS faoi seach. Mhaígh siad go raibh an córas foilsithe gan idirdhealú a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlí na hOstaire ar neamhréir le hAirteagal 6(3) de RGCS agus nach bhfuil sé riachtanach ná comhréireach.

26. Ar an 26 Samhain 2021, dhiúltaigh Údarás na hOstaire um chosaint sonraí don ghearán sin mar bheith gan bhunús. Go sonrach, maidir le YT, diúltaíodh dá ghéarán mar gheall ar easpa *locus standi* a bheith aige, ar an bhforas nach raibh a shonraí tar éis a bheith foilsithe go fóill.

27. Dá bhrí sin, thionscain na hiarratasóirí caingean os comhair an Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin na Cónaidhme, an Ostair), arb é an chúirt a rinne an tarchur, bunaithe ar Airteagal 78(1) de RGPD. Sna himthosca sin, mhaígh NADA, an chéad chosantóir sna príomhimeachtaí, go raibh foilsiú na sonraí pearsanta ar a shuíomh idirlín riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a raibh sé faoina réir a chomhlíonadh agus chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail de réir bhrí Airteagal 6(1)(c) agus (e) de RGCS.

28. Chuir an chúirt a rinne an tarchur an nós imeachta sna príomhimeachtaí ar fionraí mar gheall ar an iarraidh ar réamhrialú arna cur isteach ag USK sa chás *NADA agus páirtithe eile*.[8] I ndiaidh an diúltaithe don iarraidh sin mar gheall di bheith do-ghlactha ar an 7 Bealtaine 2024,[9] cuireadh tús arís leis an nós imeachta náisiúnta os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

29. Sna himthosca sin, chinn an Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin na Cónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna le haghaidh réamhrialú seo a leanas a chur ar an gCúirt:

'(1) An dtagann próiseáil sonraí daoine trína ndearnadh a n-ainm, an spórt arna chleachtadh, an sárú ar na rialacháin frithdhópála a rinne siad, an smachtbhanna arna fhorchur chomh maith le tús agus deireadh an smachtbhanna sin, i bhfoirm tábla ar shuíomh gréasáin [NADA] [https://www.nada.at/de/recht/suspendierungen-sperren,] agus i bpreaseisiúintí atá

[8] Cás C-115/22 (IO 2022 C 207, lgh. 15 go 16).

[9] An breithiúnas in *NADA agus páirtithe eile* (C-115/22, EU:C:2024:384)

inrochtana go ginearálta [ó ÖADR] ag https://www.oeadr.at, faoi raon feidhme dhlí an Aontais de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 16(2) CFAE, ionas go mbeidh feidhm ag [RGCS] maidir le próiseáil sonraí pearsanta dá leithéid?

Más freagra dearfach a thugtar ar Cheist 1:

(2) An 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' de réir bhrí Airteagal 9 [de RGCS] í an fhaisnéis go bhfuil sárú sonrach dópála déanta ag duine sonrach agus go bhfuil toirmeasc ar an duine sin páirt a ghlacadh i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) mar gheall ar an sárú sin?

(3) An gcuirtear bac [le RGCS] – go háirithe maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 6(3) de – ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'fhoilsiú ainmneacha na ndaoine a ndéanann cinneadh an Österreichischen Anti-Doping Rechtskommission nó an Choimisiúin Neamhspleách Eadrána difear dóibh, d'fhad an smachtbhanna agus na cúiseanna atá leis, gan bheith indéanta teacht ar chonclúidí maidir le sonraí sláinte an duine lena mbaineann? An bhfuil ról aige ina leith sin nach féidir, de réir na reachtaíochta náisiúnta, foilsiú na faisnéise sin don phobal i gcoitinne a fhágáil ar lár ach amháin más lúthchleasaí áineasa, mionaoiseach nó duine a chuir go suntasach le sáruithe frithdhópála féideartha a nochtadh trí fhaisnéis nó fianaise eile a nochtadh?

(4) An éilítear i gcónaí [le RGCS] – go háirithe maidir le prionsabail Airteagal 5(1)(a) agus (c) de – go ndéanfaí cothromú leasanna roimh fhoilsiú idir leasanna pearsanta an ábhair sonraí a ndéanann foilseachán difear dó ar thaobh amháin agus leas an phobail i gcoitinne a bheith ar an eolas faoin sárú frithdhópála a rinne lúthchleasaí ar an taobh eile?

(5) An ionann an fhaisnéis go bhfuil sárú sonrach dópála déanta ag duine sonrach agus go bhfuil sé toirmiscthe ó bheith rannpháirteach i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) mar gheall ar an sárú sin agus próiseáil sonraí pearsanta maidir le ciontuithe coiriúla agus coireanna de réir bhrí Airteagal 10 [de RGCS]?

(6) Más freagra dearfach a thugtar ar Cheist 5:

An gá go mbeadh gníomhaíochtaí nó cinntí údaráis ar cuireadh de chúram air maoirseacht ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla coireanna nó bearta slándála gaolmhara i gcomhréir le hAirteagal 10 [de RGCS] a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach?

(7) An bhfuil gearán de bhun Airteagal 77 [de RGCS] maidir le sárú líomhainte de bhun Airteagal 17 den Rialachán céanna, inghlactha, sa chás nach raibh na sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí próiseáilte fós ag an tráth ar taisceadh an gearán leis an údarás maoirseachta agus ar ghlac an t-údarás maoirseachta a chinneadh, ach gur próiseáladh é le linn na n-imeachtaí os comhair na cúirte achomhairc, nó an dtagann sé chun bheith inghlactha go cúlghabhálach, más rud é, ag an am ar taisceadh an gearán, go raibh tásca sonracha ann cheana féin go raibh próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir ar tí tarlú nó go ndéanfaí í go luath sa todhchaí?'

30. Chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, NADA, Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí, an Coimisiún agus Rialtais na hOstaire, na Laitvia, na hÍsiltíre, na Polainne agus na Fionlainne barúlacha i scríbhinn isteach. Chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, NADA, an Coimisiún agus Rialtais na hOstaire, na Laitvia agus na Fionlainne a mbarúlacha ó bhéal in iúl freisin le linn na héisteachta a reáchtáladh go poiblí ar an 13 Bealtaine 2025.

Anailís

31. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an gcéad cheist le haghaidh réamhrialú maidir le hinfheidhmeacht RGCS, déanfaidh mé anailís ar an dara, cúigiú agus séú ceist a bhaineann le sonraí áirithe ar leith, roimh scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a bhaineann le prionsabal na comhréireachta (an tríú agus ceathrú ceist le haghaidh réamhrialú). Ar deireadh, scrúdóidh mé an seachtú ceist, a bhaineann le nós imeachta.

B. An chéad cheist

32. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an ionann cur chun feidhme na reachtaíochta frithdhópála agus 'gníomhaíocht' a thagann 'faoi raon feidhme dhlí an Aontais' de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 16(2) CFAE.

33. Tá an-chuid i ngeall leis an bhfreagra seo ós rud é, más freagra diúltach é, nach mbeadh feidhm ag RGCS i leith na díospóide sna príomhimeachtaí. Cuireann RGCS, arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 16 CFAE, le hAirteagal 2(2)(a) de, próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar mar chuid de ghníomhaíocht 'nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais' as an áireamh óna raon feidhme.

34. Mar réamhphointe, agus cé nár luigh an chúirt a rinne an tarchur é, is mian liom a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear leis an eisceacht dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(d) de RGCS nach mbeidh feidhm ag an Rialachán sin i leith próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann 'údaráis inniúla [...] ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú [...] '. Mínítear an eisceacht sin leis an bhfíoras go rialaítear próiseáil sonraí pearsanta chun críoch den sórt sin ag na 'húdaráis inniúla' le gníomh níos sonraí den Aontas, eadhon Treoir (AE) 2016/680,[10] arna ghlacadh an lá céanna le RGCS. Ní chuirtear as an áireamh, ag an bpointe sin, gur féidir critéar *ábhartha* na heisceachta sin a chomhlíonadh sa chás seo. Tugann an cheist cé acu a dhéantar an phróiseáil sonraí atá faoi cheist sa chás chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(d) de RGCS ar ais sinn chuig ábhar an cúigiú ceist a tharchuirtear (a bhaineann le hAirteagal 10 de RGCS), i leith cineál coiriúil nó neamhchoiriúil na gciontuithe agus na gcoireanna atá ina n-ábhar don phróiseáil sonraí atá faoi cheist. Níor tugadh aghaidh, áfach, ar an gcritéar *i leith comhlachtaí* de chuid na heisceachta in Airteagal 2(2)(d) de RGCS: An ionann NADA agus ÖADR agus 'údaráis inniúla' de bhun Airteagal 3(7) de Threoir 2016/680? Más freagra diúltach a thugtar ar an gceist sin, beidh feidhm ag RGCS, agus beidh an méid sin mar hipitéis oibre agam don anailís seo a leanas. Mar mhalairt air sin, i gcás freagra dearfach agus dá gcomhlíonfaí an critéar ábhartha freisin, bheadh ceist ann maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2016/680 in áit RGCS, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

35. Agus an ráiteas sin déanta, cuirim in iúl, sa chás seo, nach gconspóidtear go bhfreagraíonn an phróiseáil sonraí pearsanta atá faoi cheist, arna déanamh ag údaráis frithdhópála na hOstaire agus arb ionann í agus ainmneacha na lúthchleasaithe lena mbaineann, an spórt a chleachtar, an sárú ar na rialacha frithdhópála arna dhéanamh, an pionós arna fhorchur agus tús agus deireadh an

[10] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO 2016 L 119, lch. 89).

phionóis sin a fhoilsiú ar an Idirlíon, le próiseáil a bhfuil feidhm ag RGCS ina leith de bhun Airteagal 2(1), eadhon próiseáil sonraí pearsanta go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe. [11]

36. Is í an cheist a thagann chun cinn ar bhealach níos conspóidí cé acu a thagann an phróiseáil sin faoi raon feidhme na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 2(2)(a) de RGCS.

37. Mar chuid de m'anailís, tabharfaidh mé chun cuimhne, sa chéad áit, prionsabal an léirithe dhocht ar an eisceacht in Airteagal 2(2)(a) de RGCS, agus bainfidh mé ón méid sin, sa dara háit, na hiarmhairtí maidir leis an ngníomhaíocht frithdhópála i leith na n-argóintí arna gcur in iúl ag NADA.

Léiriú docht na heisceachta in Airteagal 2(2)(a) de RGCS

38. I gcomhréir le cásdlí socair, ní mór léiriú docht a dhéanamh ar an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 2(2)(a) de RGCS, a mhéid a fhágann sí an córas cosanta do shonraí pearsanta dá bhforáiltear le RGCS gan feidhm agus a imíonn sí leis sin óna chuspóir cosanta. [12]

39. Mar a cuireadh in iúl go bunúsach in aithrisí 6 go 12 de RGCS, is gá mar gheall ar fhorbairt thapa na dteicneolaíochtaí, an domhandú agus méid na sonraí pearsanta a bhailítear agus a roinntear creat cosanta sonraí atá daingean agus comhleanúnach san Aontas, lena n-áirithítear leibhéal ard cosanta do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha i leith phróiseáil na sonraí sin, atá comhionann sna Ballstáit uile, a eascraíonn as cur i bhfeidhm mionchúiseach na rialacha, sa chaoi go spreagtar muinín lena gceadaítear don gheilleagar digiteach forbairt sa mhargadh inmheánach ina iomláine.

40. Maidir leis sin, tá raon feidhme ábhartha RGCS, arna shocrú in Airteagal 2, leathan go riachtanach agus bíonn na heisceachtaí dá bhforálann sé ina n-ábhar do léiriú docht. Chinn an Chúirt mar sin nach bhfuil sé ach mar chuspóir amháin ag Airteagal 2(2)(a) de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithris 16 de, próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar mar chuid de ghníomhaíocht atá beartaithe chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú nó gníomhaíocht a fhéadfaí a aicmiú sa chatagóir céanna a chur as an áireamh óna raon feidhme.

41. Cumhdaítear leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú, *inter alia*, iad siúd a bhfuil sé mar chuspóir leo feidhmeanna riachtanacha an Stáit agus leasanna bunúsacha na sochaí a chosaint. [13]

11 Féach breithiúnas an 6 Samhain 2003, *Lindqvist* (C-101/01, 'an breithiúnas in *Lindqvist*', EU:C:2003:596, míreanna 25 agus 26).

12 Féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, 'an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima*', EU:C:2021:504, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear); an 20 Deireadh Fómhair 2022, *Koalitsia 'Demokratichna Bulgaria – Obedinenie'* (C-306/21, EU:C:2022:813, mír 35), agus an 16 Eanáir 2024, *Österreichische Datenschutzbehörde* (C-33/22, 'an breithiúnas in *Österreichische Datenschutzbehörde*', EU:C:2024:46, mír 37).

13 Féach breithiúnas *Latvijas Republikas Saeima* (míreanna 66 agus 67). Féach freisin, *mutatis mutandis*, i gcomhthéacs Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37), breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 135), agus an 5 Aibreán 2022, *Commissioner of An Garda Síochána agus páirtithe eile* (C-140/20, EU:C:2022:258, mír 61), ina luaitear 'gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta tíre a dhíchobhsú go tromchúiseach agus go háirithe, a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt dhíreach ar an tsochaí, ar an daonra nó ar an Stát go díreach, amhail, *inter alia*, gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta'.

42. Mar mhalairt air sin, ní daoine, iontu féin, atá eisiata ó chur i bhfeidhm RGCS, ach a ngníomhaíochtaí atá faoi cheist amháin.[14] Ní leor an fíoras amháin go mbaineann gníomhaíocht go sainiúil leis an Stát nó le húdarás poiblí chun go mbeadh an eisceacht sin infheidhme go huathoibríoch i leith na gníomhaíochta sin.[15] Ní leor thairis sin an fíoras go bhfuil gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta ag an té a rinne an phróiseáil, ós rud é nach í ach an ghníomhaíocht atá faoi cheist i gcomhthéacs na próiseála lena mbaineann atá ábhartha.[16] Ní leor ach oiread an fíoras go bhféadfadh údaráis tríú tír na sonraí atá faoi cheist a phróiseáil, mar chuid d'aistriú sonraí chun críoch tráchtála ó Bhallstát go dtí an tríú tír lena mbaineann, le linn nó i ndiaidh an aistrithe sin, chun críoch slándála poiblí, cosanta agus sábháilteachta Stáit.[17]

43. Sa chás seo, áfach, mar a chuir Rialtas na hOstaire chun suntais, foráiltear le hAirteagal 1(1) de ADBG 'ós rud é go n-imríonn dópáil tionchar ar chumas spóirt, tá sí ar neamhréir leis an bprionsabal de chothromas in iomaíocht spóirt agus le fíorluach dílis an spóirt (spiorad spórtúil) agus méadaíonn sí rioscaí don tsláinte'.

44. Mar sin, ní fhéadfaí seasamh leis gurb ionann foilsiú na sonraí pearsanta ag NADA agus ÖADR agus próiseáil sonraí mar chuid de ghníomhaíocht, sa chás seo an comhrac frithdhópála, ar gníomhaíocht í a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó a fhéadfaí a aicmiú sa chatagóir céanna dá dtagraíonn Airteagal 2(2)(a) de RGCS.

45. Ba cheart teacht ar an gconclúid nach bhfuil an eisceacht atá bunaithe ar an bhforáil sin de RGCS infheidhme i leith phróiseáil na sonraí atá faoi cheist sa chás seo.

46. Ní fhéadfadh argóintí NADA, atá bunaithe, ar thaobh amháin, ar an bhfíoras go bhfuil na Ballstáit freagrach as an ngníomhaíocht frithdhópála agus, ar an taobh eile, ar easpa cineál eacnamaíoch na gníomhaíochta sin, amhras a chaitheamh ar an mbreithniú sin, mar a léireoidh mé anois.

Ní thagann gníomhaíocht 'frithdhópála' lamsuigh de RGCS...

– *...fiú más freagracht na mBallstát í*

47. Sa chéad áit, maíonn NADA gurb ionann an beartas frithdhópála agus réimse a bhfuil na Ballstáit freagrach as, de bhun roinnt na n-inniúlachtaí dá bhforáiltear le dlí an Aontais, gan beann ar an inniúlacht tacaíochta dá bhforáiltear i réimse an spóirt le hAirteagal 165 CFAE.

14 Féach an breithiúnas in *Österreichische Datenschutzbehörde* (mír 41), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar sa chás sin (C-33/22, EU:C:2023:397, mír 84).

15 Féach breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Land Hessen* (C-272/19, EU:C:2020:535): is é a bhí i gceist leis gníomhaíochtaí de chineál polaitiúil agus riaracháin de choiste um achainíocha Hessischer Landtag (Pharlaimint Land de Hesse, an Ghearmáin), a bhí poiblí agus sainiúil don Land sin, agus an coimisiún sin ag cur go hindíreach leis an ngníomhaíocht pharlaiminteach.

16 Féach an breithiúnas in *Österreichische Datenschutzbehörde* (mír 51).

17 Féach breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2020:559, mír 88).

48. Níl an fíoras go dtarlaíonn an phróiseáil sonraí pearsanta mar chuid de ghníomhaíocht atá faoi inniúlacht na mBallstát ábhartha ann féin, áfach, chun an phróiseáil sin a chur as an áireamh ó raon feidhme RGCS ar bhonn Airteagal 2(2)(a) de, ós rud é nach dtagann sí faoi ghníomhaíocht atá beartaithe chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú ná faoi ghníomhaíocht a fhéadfaí a aicmiú sa chatagóir céanna. [18]

49. Dar liom, bheadh sé ar neamhréir le téacs, comhthéacs agus cuspóirí RGCS dá gcuirfí próiseáil arna déanamh mar chuid de ghníomhaíocht as an áireamh ó raon feidhme an Rialacháin sin ar an bhforas amháin go mbaineann an ghníomhaíocht sin le hinniúlacht na mBallstát.

50. Nuair a chuireann téacs Airteagal 2(2)(a) de RGCS an coincheap de 'ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais' in iúl, ní thagraíonn sé do loighic inniúlachtaí, ach do loighic *ábhartha* um shainiú raon feidhme ag an reachtas, in RGCS féin, ar cuireadh a leithéid de chúram air le hAirteagal 16(2) CFAE. Maidir leis an bhforáil sin atá '*comhdhéanta do agus lena dtarmligtear*' inniúlacht reachtach maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus i leith saorghluaiseachta sonraí den sórt don Aontas agus sainítear léi raon feidhme sonrach chuige sin. [19] Thairis sin, i gcomhthéacs sonrach na cosanta sonraí pearsanta, ag féachaint go háirithe do chineál neamhspleách na bhfadhbanna a bhaineann lena bpróiseáil lenar ceanglaíodh idirghabháil reachtach cuí agus sonrach, imíonn an coincheap 'raon feidhme dhlí an Aontais' níos faide ná an hipitéis 'dlí an Aontais [a chur] chun feidhme' de réir bhrí Airteagal 51 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). [20] Ar deireadh, 'i roinnt mhaith réimsí atá faoi inniúlacht na mBallstát, níl dlí an Aontais gan tionchar.' [21] Is fíor sin go háirithe i leith RGCS, a bhfuil a raon feidhme, trasnach, leathan go riachtanach ag féachaint dá chuspóirí, a thugtar chun cuimhne i mír 39 den Tuairim seo.

51. Mar sin, fiú mura bhfuil an ghníomhaíocht 'frithdhópála' á rialú le gníomh de dhlí an Aontais agus go bhfuil sí mar fhreagracht na mBallstát, ní fhéadfaí a bhaint de thátal as sin nach dtagann an phróiseáil a dhéantar mar chuid den ghníomhaíocht frithdhópála sin faoi 'raon feidhme dhlí an Aontais', de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de RGCS, mar a léirigh an Chúirt i gcomhthéacs sonrach RGCS.

52. Mar a tharlaíonn, tá an spóirt, ó Chonradh Liospóin, mar inniúlacht tacaíochta de chuid an Aontais. [22] Foráiltear in Airteagal 165(2) CFAE mar sin gurb 'é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais [...] an ghné Eorpach a fhorbairt sa spórt, trí chothrom na Féinne agus an oscailteacht i gcomórtais spóirt agus comhar idir chomhlachtaí atá freagrach as an spórt a chur chun cinn agus trí iomláine choirp agus mhorálta na lúthchleasaithe, go háirithe na lúthchleasaithe is óige ina measc, a chosaint'. Tagraíonn na téarmaí sin *inter alia* do bheartas in ábhair frithdhópála. Cinnte, ní thugtar aon inniúlacht don Aontas chun reachtaíocht a leagan síos in ábhair spóirt le

[18] Féach breithiúnas an 30 Aibreán 2025, *Inspektorat kam Visshia sadeben savet* (C-313/23, C-316/23 agus C-332/23, EU:C:2025:303, mír 104).

[19] Mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta Szpunar ina Thuairim sa chás *Österreichische Datenschutzbehörde* (C-33/22, EU:C:2023:397, mír 68).

[20] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar sna cásanna *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionsóis)* (C-439/19, EU:C:2020:1054, míreanna 50 go 59), agus *Österreichische Datenschutzbehörde* (C-33/22, EU:C:2023:397, mír 78).

[21] Féach Lenaerts, K., 'L'encadrement par le droit de l'Union européenne des compétences des États membres', in *Chemins d'Europe: mélanges en l'honneur de Jean-Paul Jacqué*, Dalloz, Páras, 2010, lch. 424, mír 7. Féach, freisin, Cariat, N. agus Dermine, P., 'La détermination de l'applicabilité du droit de l'Union européenne à une situation particulière', in *Le droit de l'Union européenne et le juge belge/Het recht van de Europese Unie en de Belgische rechter*, Bruylant, an Bhruiséil, 2015, lgh. 85 go 114, agus Azoulai, L., 'La formule des compétences retenues des États membres devant la Cour de justice de l'Union européenne', in *Objectifs et compétences dans l'Union européenne*, Bruylant, an Bhruiséil, 2012, lgh. 341 go 368, go háirithe lch. 343.

[22] Féach, chuige sin, breithiúnais *European Superleague Company* (mír 99), agus an 21 Nollaig 2023, *Royal Antwerp Football Club* (C-680/21, EU:C:2023:1010, mír 67). Féach, freisin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Emiliou sa chás *RRC Sports* (C-209/23, EU:C:2025:362, míreanna 22 go 28).

hinniúlacht den sórt sin. Fiú mura bhfuil *gníomhaíocht* an Aontais reachtach, áfach, is ann di agus ceadaítear léi don Aontas gníomhartha dlí a ghlacadh d'fhonn tacú le gníomhaíocht na mBallstát, í a chomhordú nó a fhorlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 6 CFAE.[23] Mar sin, ní cheadaíonn cineál 'spóirt' na rialacha frithdhópála a mheas gurb ionann a gcur chun feidhme agus gníomhaíocht a sheachnódh raon feidhme dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de RGCS.

– *...agus in ainneoin 'easpa' cineál eacnamaíoch*

53. Sa dara háit, maíonn NADA nach dtagann cleachtadh spóirt faoi dhlí an Aontais ach a mhéid arb ionann é agus gníomhaíocht eacnamaíoch. Maítear go bhfuil na rialacha frithdhópála atá faoi cheist, iontu féin, bunaithe ar bhreithnithe spórtúla amháin, sa chaoi nárbh ionann próiseáil na sonraí atá faoi cheist agus ceist a thiocfadh faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch agus dá bhrí sin nach dtiocfadh faoi raon feidhme dhlí an Aontais.

54. Níl an argóint sin, atá bunaithe ar 'inscaoilteacht' líomhainte na rialacha frithdhópála, áititheach orm thairis sin.

55. Tógann an dearbhú ar dá réir nach dtagann 'cleachtadh spórt faoi dhlí an Chomhphobail ach a mhéid arb ionann é agus gníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 2 de Chonradh [CE]' ar ais sinn chuig an mbreithiúnas an 12 Nollaig 1974 in *Walrave agus Koch*.[24] Ó shin, áfach, d'fheidhmigh an tAontas a inniúlacht in ábhair cosanta sonraí ar bhonn Airteagal 16 CFAE. Bheartaigh na Ballstáit dá bhrí sin dlí an Aontais i leith cosaint sonraí pearsanta a chur i bhfeidhm i réimsí neamheacnamaíocha, mar a dheimhnítear le téacs, comhthéacs agus cuspóirí RGCS araon.

56. I dtús báire, cinntear le *téacs* Airteagal 2(2)(a) de RGCS raon feidhme ábhartha an Rialacháin sin trí thagairt a dhéanamh don choincheap 'gníomhaíocht' agus ní don choincheap 'gníomhaíocht eacnamaíoch' a thagann nó nach dtagann faoi dhlí an Aontais

57. Ina dhiaidh sin, deimhnítear le *comhthéacs* RGCS, agus go háirithe a fhorálacha maidir le sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta (Caibidil V de RGCS), an cur chuige téacsúil sin. Mura gcomhlíontar na coinníollacha ionas go dtarlóidh aistriú den sórt sin, d'fhéadfadh maoluithe i gcás staideanna áirithe, dá bhforáiltear in Airteagal 49 de RGCS, aistriú den sórt sin a údarú. Luann aithris 112 de RGCS go sainráite gur 'cheart feidhm a bheith ag na maoluithe sin, go háirithe maidir le haistrithe sonraí a bhfuil gá leo agus atá riachtanach ar fhorais thábhachtacha leasa phoiblí, mar shampla i gcásanna malartaithe idirnáisiúnta sonraí [...] chun dópáil sa spórt a laghdú agus/nó a dhíothú'. Mar a chuir Rialtas na Fionlainne chun suntais, cuirtear in iúl leis an aithris sin nár mheas reachtas an Aontais gur tháinig próiseáil sonraí pearsanta maidir le rialú frithdhópála, cé gur bhain sí le gníomhaíocht neamheacnamaíoch, lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin sin.

58. Ar deireadh, ní cosúil dom go bhfuil an critéar atá bunaithe ar nasc le dlí an Aontais trí ghníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha thairis sin ag féachaint do na *cuspóirí* dá dtagraíonn RGCS. D'fhágfadh critéar den sórt sin go gcinnfí raon feidhme RGCS de réir an cháis, ar dá réir

[23] Féach breithiúnas *European Superleague Company* (mír 99). Féach mar shampla, an Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, bailithe le chéile sa Chomhairle, maidir le plean oibre an Aontais Eorpaigh ar mhaithe leis an spórt (1 Iúil 2024 – 31 Nollaig 2027) (IO 2024 C 3527, lch. 1).

[24] 36/74, EU:C:1974:140, mír 4. Féach, freisin, breithiúnas an 15 Nollaig 1995, *Bosman* (C-415/93, EU:C:1995:463, mír 73). Le haghaidh na foclaíochta suas chun dáta, féach breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:824, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

cé acu a bhí nó nach raibh nasc ag próiseáil na sonraí atá faoi cheist leis na forálacha sonracha de dhlí an Aontais nó leis na saoirsí lena rialaítear an margadh inmheánach. Bheadh baol ann le cur chuige den sórt sin, atá éagsúil de réir na gcásanna nithiúla atá faoi cheist, go bhfágfaí go mbeadh teorainneacha raon feidhme an Rialacháin sin éiginnte agus fánach,[25] de shárú ar chuspóirí riachtanacha an Rialacháin sin, eadhon cur i bhfeidhm comhleanúnach agus aonfhoirmeach rialacha cosanta san Aontas ina iomláine agus bacainní ar ghluaiseacht sonraí pearsanta ann a bhaint.

59. Mar a tharlaíonn, chuirfinn leis sin, ar a laghad le haghaidh lúthchleasaithe proifisiúnta, nach féidir nasc idir an rialáil frithdhópála agus a ngníomhaíocht phroifisiúnta a chur as an áireamh agus dá bhrí sin nasc eacnamaíoch, go háirithe leis na saoirsí saorghluaiseachta agus soláthar gan srian seirbhísí.[26] Tá na pionóis arna dtabhú de chineál chun iarmhairtí eacnamaíocha suntasacha a chruthú mar gheall ar iad a bheith curtha ar fionraí, uaireanta don saol. Dá mba rud é go raibh orainn brath, chun raon feidhme RGCS a chinneadh, ar nasc eacnamaíoch den sórt sin a bheith ann, thiocfaimis ar an toradh is lú míshástacht, ar dá réir go bhféadfadh feidhm a bheith ag RGCS, mar shampla, i leith lúthchleasaithe proifisiúnta ach ní i leith lúthchleasaithe amaitéaracha.[27] Ní réitíonn difríocht sa chóireáil de réir cé acu a mheastar an ghníomhaíocht mar bheith eacnamaíoch nó gan bheith eacnamaíoch go maith le RGCS agus lena chuspóirí cosanta i leith sonraí pearsanta.

Conclúid maidir leis an gcéad cheist

60. Ag féachaint don mhéid thuas, molaim don Chúirt a thabhairt mar fhreagra ar an gcéad cheist nach mór an chéad abairt d'Airteagal 16(2) CFAE agus Airteagal 2(2)(a) de RGCS a léiriú sa chaoi nach bhféadfaí an phróiseáil sonraí pearsanta, de bhun na rialacha náisiúnta frithdhópála, arb ionann í agus foilsiú ainmneacha na lúthchleasaithe lena mbaineann, an spórt a chleachtar, an sárú ar na rialacha frithdhópála arna dhéanamh, an pionós arna fhorchur agus tús agus deireadh an phionóis sin, a mheas mar bheith déanta mar chuid de 'ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais', de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de RGCS.

An dara ceist

61. Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé acu a bhaineann foilsiú na sonraí pearsanta atá faoi cheist le 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' de réir bhrí Airteagal 9 de RGCS.

Léiriú leathan ar an gcoincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte'

62. Baineann an méid atá i ngeall leis an gceist seo leis an bhfíoras go bhforáiltear le hAirteagal 9 de RGCS do chóras dlíthiúil atá an-chosantach ar chatagóirí sonraí pearsanta ar a ghlaoitear 'íogair', ina bhfuil 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' mar pháirt (nó 'sonraí sláinte'). Bíonn leibhéal ard cosanta de dhíth ag na sonraí sin, a mheastar mar bheith ag croílár príobháideachais daoine, mar gheall ar chosaint an saoil phríobháidigh, an rúndacht ghairmiúil agus an reachtaíocht

[25] Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnais an 20 Bealtaine 2003, *Österreichischer Rundfunk agus páirtithe eile* (C-465/00, C-138/01 agus C-139/01, EU:C:2003:294, mír 42), agus *Lindqvist* (mír 40 agus na míreanna leantacha).

[26] Féach breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen* v *an Coimisiún* (C-519/04 P, 'an breithiúnas in *Meca-Medina agus Majcen* v *an Coimisiún*', EU:C:2006:492, mír 47). Le haghaidh lúthchleasaithe amaitéaracha, féadfaidh dlí an Aontais feidhm a bheith aige freisin tríd an saorántacht (féach breithiúnas an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi* (C-22/18, EU:C:2019:497)].

[27] Níl an t-ábhar céanna go riachtanach sa choincheap sin, thairis sin, i ngach Ballstát, agus mar thoradh air sin, i gcás éagsúlacht léirithe, bhraithfeadh raon feidhme RGCS ar an dlí náisiúnta.

a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.[28] Toirmeasctar a bpróiseáil, mar sin, le hAirteagal 9(1) de RGCS, seachas i gcás go bhfuil feidhm ag ceann de na maoluithe dá bhforáiltear i mír 2 de. Is é sin a léirítear le haithris 51 de RGCS, maidir le sonraí íogaire, ar dá réir go mínítear an chosaint shonrach sin 'toisc go bhféadfaí rioscaí suntasacha a chruthú do na cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha mar thoradh ar chomhthéacs a bpróiseála'. De bhun aithris 54 de RGCS, is é atá i gceist, má tá siad ina n-ábhar do phróiseáil ar chúiseanna leasa an phobail, a sheachaint 'go ndéanfadh tríú páirtithe, amhail fostóirí nó cuideachtaí árachais agus baincéireachta, sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha eile'.[29] Tá riachtanas na cosanta sonraí tar éis méadú thairis sin le ríomhairiú na struchtúr sláinte agus le dí-ábharú na modhanna agus na sruthanna sonraí.[30]

63. Ba cheart a chur leis sin go bhfuil an toirmeasc ar phróiseáil sonraí sláinte, dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) de RGPD, neamhspleách ar an gceist an bhfuil an fhaisnéis arna nochtadh leis an bpróiseáil sonraí beacht nó nach bhfuil nó an ngníomhaíonn an rialaitheoir sonraí d'fhonn an fhaisnéis a eascraíonn as ceann de na catagóirí speisialta dá dtagraítear san fhoráil sin a fháil.[31] Is iomchuí a bhaint de thátal uaidh sin nach ionann aidhm an rialaitheora, agus go háirithe an fíoras go bhfuil an phróiseáil riachtanach de bhun oibleagáid dhlíthiúil nó leas an phobail, más ionann é sin agus gné ábhartha i gcomhthéacs cur i bhfeidhm féideartha ceann den 10 maolú dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) de RGPD, agus gné atá le cur san áireamh ag an gcéim ina *n-aicmítear* 'sonra sláinte'.[32]

64. I gcomhréir le pointe 15 d'Airteagal 4 de RGCS, arna léamh i gcomhar le haithris 35 den Rialachán sin, áirítear i measc sonraí den sórt sin na sonraí pearsanta go léir a bhaineann le sláinte fhisiceach nó mheabhrach duine nádúrtha a nochtann[33] faisnéis maidir lena staid sláinte roimhe sin, faoi láthair nó amach anseo.

[28] Féach, áfach, maidir leis na difríochtaí sa chineál, raon feidhme agus córais idir dlí maidir leis an saol príobháideach a urramú agus cosaint sonraí pearsanta, Tambou, O. 'Chapitre 1. Droit autonome du droit au respect de la vie privée', in *Manuel de droit européen de la protection des données à caractère personnel*, Bruylant, an Bhruiséil, 2020 (1ú eagrán), lch. 21 agus leathanaigh leantacha. Maidir le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'), féach, go háirithe breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1994, *X* v *an Coimisiún* (C-404/92 P, EU:C:1994:361, mír 23) agus ECtHR, 25 Feabhra 1997, *Z* v *an Fhionlainn* (CE:ECHR:1997:0225JUD002200993, § 95).

[29] Dírítear leis seo, mar shampla, ar an mbaol go ndéanfaí idirdhealú. Sa chaoi sin, d'fhéadfadh staid sláinte lagaithe a bheith mar chúis le hidirdhealú ó thaobh rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar árachas nó ar chreidmheas.

[30] Cé nach mbaineann siad go díreach leis an gcás seo, féadfaidh sonraí a bhaineann leis an tsláinte i dtaca le haipeanna agus gléasanna nasctha cur le teorainneacha an choincheapa 'sonraí sláinte' a dhéanamh amach. Mar shampla, ardaítear ceisteanna le 'sonraí maidir leis an bhfolláine' nó 'tomhais phearsanta' (maidir le ráta croí, tréimhsí codlata, bia aistir, nósanna itheacháin atá le fáil ar chárta ollmhargaidh etc.) maidir le déanamh amach an 'sonraí sláinte' atá i gceist leo nó nach bhfuil. Mar shampla, ní hionann líon na gcéimeanna in aghaidh an lae agus sonra sláinte ann féin ach d'fhéadfadh sé teacht chun bheith ina shonra sláinte má chuirtear an sonra lom sin in éineacht le sonraí eile agus gur féidir conclúid a bhaint astu maidir le staid sláinte nó an riosca do shláinte duine (féach, chuige sin, Iarscríbhinn dar teideal 'Sonraí sláinte in aipeanna agus gléasanna' ó litir an ghrúpa oibre 'Airteagal 29' chuig an gCoimisiún, DG Connect maidir le mHealth, an 5 Feabhra 2015, lch. 2, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/other-document/files/2015/20150205_letter_art29wp_ec_health_data_after_plenary_annex_en.pdf).
I measc an-chuid eile maidir le hIdirlíon na nEarraí (IoT), féach Casarosa, F. agus Gennari, F., 'Data Sharing in the Internet of Medical Things – Between the Data Act and the EHDS', *European Journal of Risk Regulation*, Cambridge University Press, Cambridge, 2025, lgh. 1 go 23; féach freisin, Yaşar, B., 'I can feel your heartbeat: E-health evidence in criminal investigations', *Shaping Utopia through law: How the law does (not) provide an answer to societal challenges*, Intersentia, an Bhruiséil, 2023 (1ú eagrán), lgh. 43 go 68 (go háirithe lch. 57, mír 4.2.1).

[31] Féach breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Schrems (Sonraí a chur in iúl don phobal i gcoitinne)* (C-446/21, EU:C:2024:834, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke* (C-21/23, 'an breithiúnas in *Lindenapotheke*', EU:C:2024:846, mír 87).

[32] Féach, chuige sin, an in Breithiúnas *Lindenapotheke* (mír 92). Sa chás seo, bheadh na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 9(2)(g) agus (i) de RGCS go háirithe ábhartha, lena bhforáiltear gur féidir próiseáil ar shonraí íogaire a dhéanamh i gcás gur 'gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail' nó 'ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí', faoi réir na comhréireachta.

[33] Úsáidtear an téarma sin freisin in Airteagal 6 den 'Choinbhinsiún Nua-Aoisithe' chun daoine a chosaint i ndáil le próiseáil uathoibríoch sonraí pearsanta de chuid Chomhairle na hEorpa (ar a ghlaoitear 'Coinbhinsiún 108+'), an 18 Bealtaine 2018, agus foráiltear leis, de bhun na gcatagóirí speisialta sonraí, do 'shonraí pearsanta le haghaidh na faisnéise a nochtann siad maidir leis [...] an tsláinte [...]'.

65. Chinn an Chúirt cheana féin, ag féachaint do chuspóir RGCS, nach mór an coincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte', dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán sin, a léiriú ar bhealach leathan.[34] De bhun an léirithe comhthéacsúil agus teileolaíoch ar phointe 15 d'Airteagal 4 agus Airteagal 9 de RGCS, chun go n-aicmeofaí sa chaoi sin iad, is leor go bhféadfadh na sonraí atá faoi cheist, fiú ar bhealach *indíreach*, *trí oibriú intleachtúil i leith nascadh nó tátal a bhaint*, faisnéis a nochtadh maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann.[35]

66. Sa chomhthéacs sin, measaim go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh go córasach idir dhá chatagóir sonraí sláinte.

67. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí na sonraí a ghintear i gcomhthéacs liachta a mheas de réir cosúlachta mar shonraí sláinte 'de réir a gcineáil',[36] agus 'oibiachtúla',[37] atá dírithe, mar a leagadh amach in aithris 35 de RGCS, ar fhaisnéis a bhaineann, mar shampla, le galar fisiceach nó meabhrach, míchumas, baol galair, stair liachta, nó cóir chliniciúil. Bíonn siad go ginearálta i gcomhad liachta an duine lena mbaineann.[38] Ar an gcaoi chéanna, tagraítear do shonraí, cé nach sonraí liachta iad, a bhailítear d'fhonn iad a chur san áireamh sa chomhad liachta, mar is amhlaidh le sonraí riaracháin atá beartaithe le bheith sa chomhad sin, le haithris 35 de RGCS mar 'shonraí sláinte'. Maidir leis sin, is é atá i gceist sonraí a mheastar mar bheith bainte leis an tsláinte agus a nochtann faisnéis maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann.

68. Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht ar leith go cinnte leis an gcoincheap 'baol galair', a luaitear in aithris 35 de RGCS. Mar is léir ó obair Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29', áirítear leis sin sonraí a bhaineann le staid sláinte féideartha duine lena mbaineann amach anseo. Cuirtear baol galair 'arna chruthú go heolaíoch nó arna thabhairt faoi deara go coitianta' san áireamh mar sin agus luaitear mar shamplaí an iomarca alcóil a ól nó tabac a chaitheamh chomh maith le húsáid drugaí.[39]

69. Ar an taobh eile, lasmuigh den chomhthéacs liachta, féadfaidh sonra a bheith ag baint leis an tsláinte, go háirithe dá bhféadfadh an sonra atá faoi cheist, fiú go hindíreach, faisnéis a nochtadh maidir le staid sláinte fisicí nó meabhraí duine nádúrtha roimhe seo, faoi láthair nó amach anseo.[40] Is le 'limistéar liath'[41] an choincheapa 'sonra sláinte' a chuirtear an cheist i leith a mhéid a fhéadfadh a nasc indíreach leis an tsláinte a fhágáil go n-aicmeofar mar sin é. Ina leith sin, is í

34 Féach breithiúnais *Lindqvist* (mír 50), agus *Lindenapotheke* (mír 81).

35 Féach breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, 'an breithiúnas in *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*', EU:C:2022:601, míreanna 123 go 127), agus *Lindenapotheke* (mír 83). D'fhéadfadh go bhfuil an cur chuige leathan sin i leith an tsainmhínithe mar gheall ar an mian 'cur i gcoinne éifeachtaí féideartha na dteicneolaíochtaí nua i leith olltiomsú sonraí (*big data*) a bhféadfadh an-chuid a fháil amach maidir le sláinte duine trí shonraí a phróiseáil nach nochtann ach rud amháin faoina shláinte' (saoraistriúchán) (féach Verhenneman, G., 'Chapter III. – Understanding the Subject of Protection', in *The Patient, Data Protection and Changing Healthcare Models*, Intersentia, an Bhruiséil, 2021 (1ú eagrán), lch. 97 agus leathanaigh leantacha, go háirithe lch. 109].

36 Féach Maisnier-Broché, L., 'Fasc. 945: Données de santé à caractère personnel. – Régime général', *JurisClasseur Communication*, 2019.

37 Féach Herveg, J. agus Van Gyshesemm, J.-M., 'Titre 16 – L'impact du Règlement général sur la protection des données dans le secteur de la santé', in *Le règlement général sur la protection des données (RGPD/GDPR)*, Larcier, an Bhruiséil, 2018 (1ú eagrán), lch. 722.

38 Féach, de réir analaí, an Doiciméad Oibre maidir le Próiseáil Sonraí Pearsanta a bhaineann leis an tSláinte i leith Ríomhthaifead Sláinte (Grúpa Oibre 'Airteagal 29', an 15 Feabhra 2007, WP 131, mír II.2), ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/opinion-recommendation/files/2007/wp131_en.pdf.

39 Féach Iarscríbhinn dar teideal 'Health data in apps and devices' ó litir Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' chuig an gCoimisiún, DG Connect maidir le mHealth, an 5 Feabhra 2015, lch. 2, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/other-document/files/2015/20150205_letter_art29wp_ec_health_data_after_plenary_annex_en.pdf.

40 Féach, go háirithe, Treoirlínte 03/2020 maidir le próiseáil sonraí a bhaineann leis an tsláinte chun críoch taighde eolaíoch i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, arna nglacadh ag EDPB an 21 Aibreán 2020, mír 3.1, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.edpb.europa.eu/sites/default/files/files/file1/edpb_guidelines_202003_healthdatascientificresearchcovid19_fr.pdf.

41 Schäfke-Zell, W., 'Revisiting the definition of health data in the age of digitalized health care', *International Data Privacy Law*, Oxford University Press, Oxford, imleabhar 12, Uimh. 1, 2022, lgh. 33 go 43.

an ghné chinntitheach cé acu a fhéadtar, ó na sonraí atá faoi cheist, conclúidí a bhaint maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann, bíodh sin maidir le staid phaiteolaíoch nó fhiseolaíoch, gan beann ar iontaofacht na gconclúidí sin. Is féidir gnéithe comhthéacs a chur san áireamh chuige sin, [42] chomh maith leis an nasc idir an fhaisnéis atá faoi cheist agus an cumas gné de shláinte duine a bhaint de thátal uaithi. [43]

70. Mar shampla, mheas Grúpa Oibre 'Airteagal 29' go raibh faisnéis maidir le ballraíocht duine i grúpa a bhfuil cuspóir a bhaineann leis an tsláinte aige amhail 'Weight Watchers' nó 'Alcólaigh gan Ainm' ina sonra sláinte. [44] Thairis sin, ceadaítear le sonra lom a eascraíonn as 'tomhas pearsanta' (mar shampla an meáchan nó brú fola arna thaifeadadh le huaireadóir nasctha) nach mbeadh ina shonra sláinte ann féin, in éineacht le faisnéis eile, conclúidí a bhaint maidir le sláinte an duine lena mbaineann. Sonraíonn Grúpa Oibre 'Airteagal 29' chuige sin gurb iomchuí measúnú de réir an cháis a dhéanamh: ní fhéadfadh aip a leanann agus a stórálann líon na gcéimeanna a dhéantar le linn roinnt laethanta agus a scriosann na sonraí sin i ndiaidh seachtaine 'sonraí sláinte' a phróiseáil. Mar sin féin, measfaí go bpróiseálann aip lena gcuirtear roinnt blianta de thaifeadadh cainníochtúla iomlána de dhuine aonair le chéile (leanúint, mar shampla, nósanna codlata agus aclaíochta, cláir mionsonraithe den bhia, meáchan, innéacs corpmhaise, brú fola agus staitisticí eile beatha, chomh maith le dialann i leith an ghiúmair) sonraí a bhaineann leis an tsláinte. Sa chás sin, ní mheasfaí na conclúidí agus an méid arna bhaint de thátal mar shonraí sláinte amháin, ach freisin na sonraí loma. [45]

Cur i bhfeidhm sa chás seo

71. Sa díospóid sna príomhimeachtaí, foráiltear leis an rialáil atá faoi cheist, thairis cur in iúl ainmneacha na lúthchleasaithe lena mbaineann agus fad a bhfionraí, go nochtfar na cúiseanna leis an bhfionraí sin trí thagairt a dhéanamh don chatagóir de choir nó de choireanna arna bhrath. Nuair a bhaineann an choir le substaint nó le modh atá faoi thoirmeasc, cuirtear an méid sin in iúl freisin sa ráiteas a fhoilsítear ar shuíomh Idirlín ÖADR. [46]

42 Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Spuznar sa chás *Lindenapotheke* (C-21/23, EU:C:2024:354, mír 47).

43 Féach Iarscríbhinn dar teideal 'Health data in apps and devices' ó litir Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' chuig an gCoimisiún, DG Connect maidir le mHealth, an 5 Feabhra 2015, lch. 2, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/other-document/files/2015/20150205_letter_art29wp_ec_health_data_after_plenary_annex_en.pdf. Féach, freisin, maidir leis an gceist sin, Verhenneman, G., 'Chapitre III. – Understanding the Subject of Protection', in *The Patient, Data Protection and Changing Healthcare Models*, Intersentia, an Bhruiséil, 2021 (1ú eagrán), lch. 97 agus na leathanaigh leantacha. Ba cheart dúinn a thabhairt faoi deara gur féidir fiú nasc atá éiginnte a chur san áireamh (féach Mascret, C., 'Arrêt "Lindenapotheke": vers une protection renforcée des données de santé et une ouverture des voies de recours en matière de protection des données (CJUE, 4 Deireadh Fómhair 2024, C-21/23)', *Journal de droit européen*, 2025/1, lgh. 17 go 20.

44 Féach Iarscríbhinn dar teideal 'Health data in apps and devices' ó litir Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' chuig an gCoimisiún, DG Connect maidir le mHealth, an 5 Feabhra 2015, lch. 2, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/other-document/files/2015/20150205_letter_art29wp_ec_health_data_after_plenary_annex_en.pdf. Féach freisin, maidir leis an idirdhealú idir nósanna itheacháin agus andúil, Borges, G., 'Der Mann mit der Brille und die DSGVO – Der Begriff des Gesundheitsdatums', *Rechtswissenschaft*, imleabhar 14, Uimh. 2, 2023, go háirithe lgh. 172 go 173.

45 Féach, chuige sin, Iarscríbhinn dar teideal 'Health data in apps and devices' ó litir Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' chuig an gCoimisiún, DG Connect maidir le mHealth, an 5 Feabhra 2015, lch. 2 agus fonóta leathanach Uimh. 5, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/other-document/files/2015/20150205_letter_art29wp_ec_health_data_after_plenary_annex_en.pdf. Ar an gcaoi chéanna, níl nósanna ceannaithe san ollmhargadh iontu féin ina sonraí sláinte, ach d'fhéadfadh siad teacht chun bheith ina sonraí sláinte má chuirtear in éineacht a chéile iad agus go ndéantar anailís orthu d'fhonn faireachán a dhéanamh ar neamhoird amhail otracht nó diaibéiteas.

46 Ní leor an fhoráil ar dá réir go ndéanfar an nochtadh 'gan go mbeifear in ann sonraí a bhaineann le sláinte an duine lena mbaineann a dhéanamh amach' chun ábharthacht na ceiste a chuirtear a bhaint. Is cosúil dom go dtagraíonn an breithniú sin do chásanna ina ndeonaítear údarú úsáide chun críoch teiripeacha (lena gceadaítear, faoi choinníollacha áirithe, do lúthchleasaí a bhfuil galar liachta air substaint nó modh atá faoi thoirmeasc a úsáid, gan go gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí agus gan é a bheith ina shárú) nó do mhionsonraí maidir le torthaí tástálacha, nach bhfuil faoi cheist sa chás seo.

72. Sa chéad ait, ba cheart a thabhairt chun cuimhne go roinntear na sáruithe ar na rialacha frithdhópála a nochtar don phobal i roinnt catagóirí. [47]

73. Measaim, amhail Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí, nach bhféadfaí ach na sáruithe dá bhforáiltear i gcatagóirí 2.1 agus 2.2 a scrúdú i bhfianaise an choincheapa 'sonraí sláinte'. Ní cosúil dom go bhféadfadh an t-iompar sáraitheach dá dtagraíonn na sáruithe eile, ann féin, fiú go hindíreach, faisnéis a nochtadh maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann. Mar shampla, ní nochtar leis an bhfaisnéis gur mhainnigh lúthchleasaí a oibleagáid maidir le suímh a chomhlíonadh (sárú de chatagóir 2.4) nó gur gháinneáil sé substaintí atá faoi thoirmeasc (sárú de chatagóir 2.7) aon fhaisnéis maidir lena staid sláinte.

74. Ina dhiaidh sin, ba cheart a chur in iúl go dtugtar le tuiscint le brath sáruithe catagóirí 2.1 agus 2.2 tástálacha frithdhópála ar an lúthchleasaí lena mbaineann agus anailís ar shamplaí d'fhonn na substaintí agus modhanna atá faoi thoirmeasc a aimsiú. Cuirim leis sin go ndéanann gairmithe creidiúnaithe [48] an anailís sin agus dá bhrí sin i gcomhthéacs gar-liachta, nó liachta. Tagraítear ar ais le brath sáruithe den sórt sin dá bhrí sin don choincheap 'faisnéis a fhaightear de bharr tástáil nó scrúdú a dhéanamh ar chuid den chorp nó ar shubstaint de chuid an choirp' de réir bhrí aithris 35 de RGCS. D'fhéadfaí faisnéis den sórt sin, mar sin, a mheas mar shonraí sláinte de réir a gcineáil.

75. Chuige sin, cinnte, déantar an tástáil d'fhonn substaintí dópála arna nglacadh d'fhonn cumas spóirt a fheabhsú a bhrath, agus freagraíonn an phróiseáil arb ionann í agus an fhaisnéis atá faoi cheist a nochtadh do chuspóir smachtúil agus díspreagthach i leith an lúthchleasaí lena mbaineann. Ba cheart a thabhairt chun cuimhne, áfach, nach bhfuil an cuspóir beartaithe ábhartha ag féachaint d'aicmiú na sonraí atá faoi cheist. [49]

76. Ar an gcaoi chéanna, ní cosúil dom go bhfuil an fíoras nach bhfuil substaintí dópála ina dtáirgí íocshláinte áititheach. Ar thaobh amháin, ní áirítear sa choincheap 'sonraí sláinte' sonraí liachta chun críoch teiripeacha amháin. Mar a tharlaíonn, bíonn táirgí íocshláinte áirithe díobhálach don tsláinte má úsáidtear go mícheart iad. Ar an taobh eile, is cinnte go bhfuil an comhrac frithdhópála beartaithe chun cothromas agus comhionannas lúthchleasaithe a chur chun cinn, ach is ionann é

[47] Tá an liosta de na catagóirí de choireanna, arna n-uimhriú ó 2.1 go 2.11, *inter alia*, ar shuíomh NADA agus in CDF. Mar achoimre, freagraíonn na sáruithe a thagann faoi chatagóir 2.1 le láithreacht substainte atá faoi thoirmeasc, a meitibilít nó marcóirí i sampla arna thabhairt ag lúthchleasaí; 2.2 le húsáid substainte nó modha atá faoi thoirmeasc nó iarracht ina leith sin de chuid lúthchleasaí; 2.3 le bailiú sampla a sheachaint, a dhiúltú nó gan dul faoi réir bailiú sampla de chuid lúthchleasaí; 2.4 le mainneachtain oibleagáidí i leith suímh a chomhlíonadh de chuid lúthchleasaí; 2.5 le falsú aon ghné den rialú ar dhópáil de chuid lúthchleasaí nó duine eile nó iarracht ina leith sin; 2.6 le substaint nó modh atá faoi thoirmeasc a bheith i seilbh lúthchleasaí nó duine d'fhoireann bainistíochta an lúthchleasaí; 2.7 le gáinneáil substainte nó modha atá faoi thoirmeasc ag lúthchleasaí nó duine eile nó iarracht ina leith sin; 2.8 le substaint nó modh atá faoi thoirmeasc a thabhairt ag lúthchleasaí nó duine eile do lúthchleasaí atá i mbun comórtais nó nach bhfuil nó iarracht ina leith sin; 2.9 le claonpháirteachas de chuid lúthchleasaí nó duine eile nó iarracht ina leith sin; 2.10 le comhlachas faoi thoirmeasc de chuid lúthchleasaí nó duine eile agus 2.11: le gníomhartha arna ndéanamh ag lúthchleasaí nó duine eile chun nochtadh do na húdaráis a díspreagadh nó gníomhartha díoltais i gcoinne nochtadh den sórt sin.

[48] Foráiltear le hAirteagal 6.1 de CDF do dhul i muinín saotharlanna creidiúnaithe nó formheasta.

[49] Féach mír 63 den Tuairim seo.

freisin agus buairt sláinte.[50] Tá líon substaintí agus modhanna faoi thoirmeasc *inter alia* mar gheall ar a n-éifeachtaí díobhálacha don tsláinte, fiú má athraíonn an éifeacht sin de réir an táirge, an méid a thógtar nó coimpléacs an duine lena mbaineann.[51]

77. Mar sin, chun an sonra atá faoi cheist a aicmiú, gan beann ar an bhfíoras gurb ionann an cuspóir a shaothraíonn an lúthchleasaí agus a chumas a fheabhsú, ní féidir, i mo thuairim, neamhaird a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le substainte atá faoi thoirmeasc a thógáil ar shláinte an lúthchleasaí sin, bíodh na héifeachtaí sin ann faoi láthair nó amach anseo.

78. Ar deireadh, is cosúil dom go gcuirtear an pobal ar an eolas faoin mbaol a bhféadfadh tógáil na substainte atá faoi thoirmeasc a chruthú do shláinte an lúthchleasaí atá faoi cheist leis an bhfíoras go bhfoilsíonn ÖADR ainm na substainte sin arna brath san orgánach ar líne.

79. Cinnte, ní fhéadfaí lua lom ainm na substainte atá faoi thoirmeasc, atá san orgánach, a mheas mar bheith leordhóthanach ann féin chun faisnéis a nochtadh maidir leis an staid sláinte an lúthchleasaí lena mbaineann, fiú amach anseo. D'fhéadfaí *ábhar* fiú na faisnéise, chuige sin, a mheas mar bheith ró-ghonta agus an nasc leis an staid sláinte ró-indíreach, fiú ró-hipitéiseach, chun bheith ina 'sonra sláinte' de réir bhrí RGCS. Ní fhéadfaí a chur as an áireamh, áfach, in éineacht le gnéithe eile, go bhféadfadh an fhaisnéis sin, fiú ar bhealach *indíreach*, *trí oibriú intleachtúil i leith nascadh nó tátal a bhaint*, faisnéis a nochtadh maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann.

80. Mar sin, measaim go dtugtar faisnéis le lua ainm na substainte atá faoi cheist (nó a catagóir), cé nach bhfuil siad mionsonraithe, a fhéadfadh eolas a thabhairt, cé go mbeadh sé ar bhealach indíreach, faoi staid sláinte an duine lena mbaineann. I gcomhthéacs sonrach RGCS, is ionann lua den sórt sin, rud atá faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú in imthosca áirithe, agus 'sonra a bhaineann leis an tsláinte', de réir bhrí phointe 15 d'Airteagal 4 agus Airteagal 9(1) de RGPD, arna léamh i gcomhar le haithris 35 den Rialachán sin.

81. Mar mhalairt air sin, measaim nach amhlaidh a bheadh mura luafaí an tsubstaint faoi thoirmeasc atá faoi cheist (ná a catagóir). Sa chás sin, bheadh sé dodhéanta nasc a aimsiú idir sárú a bhrath mar gheall ar shubstaint faoi thoirmeasc a bheith i láthair san orgánach, ar thaobh amháin, agus an fhaisnéis maidir le staid sláinte an duine lena mbaineann, ar an taobh eile, fiú 'trí oibriú intleachtúil i leith nascadh nó tátal a bhaint'. Bheadh an nasc sin dá bhrí sin, dar liom, ró-indíreach chun go bhféadfadh an fhaisnéis arna nochtadh teacht faoin gcatagóir 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' de chuid RGCS.

Conclúid maidir leis an dara ceist

82. Molaim dá bhrí sin don Chúirt a dhearbhú nach mór Airteagal 9(1) de RGCS a léiriú sa chaoi nach ionann an fíoras go nochtar ainm an lúthchleasaí lena mbaineann, fad a fhionraí agus cúiseanna na fionraí sin, agus próiseáil sonra a bhaineann leis an tsláinte, de réir bhrí na forála

[50] Cé is moite d'Airteagal 165 CFAE agus roinnt téacsanna idirnáisiúnta, féach ECtHR, 18 Eanáir 2018, *Fédération Nationale des Associations et Syndicats de Sportifs (FNASS) agus páirtithe eile* v *an Fhrainc* (CE:ECHR:2018:0118JUD004815111, § 165), agus an breithiúnas in *Meca-Medina agus Majcen* v *an Coimisiún* (mír 43).

[51] Féach, chuige sin, Airteagal 4.3 de CDF, maidir le critéir chuimsithe substaintí agus modhanna ar liosta na sáruithe, a dhíríonn *inter alia* ar fhianaise liachta nó eolaíoch lena léirítear 'gur baol fíoraithe nó féideartha í úsáid na substainte nó an mhodha do shláinte an lúthchleasaí'. Féach, freisin, mar shampla, na héifeachtaí ar an tsláinte de dheasca substaintí faoi thoirmeasc i gcleachtadh spóirt arna liostú in 'Vidal', uirlis faisnéis maidir le táirgí sláinte a n-údaraíonn Ard-Údarás na Sláinte (AUS) na Fraince a bunachar sonraí ('Les substances interdites dans la pratique sportive' – VIDAL, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.vidal.fr/sante/sport/sport-medicaments/sport-dopage-substances-interdites/tous-sports.html).

sin, seachas má áirítear i measc na gcúiseanna sin ainm na substainte nó na substaintí atá faoi thoirmeasc ar thángthas orthu in orgánach an lúthchleasaí atá faoi cheist, ar chuntar gur dóchúil go nochtfaí leis an bhfaisnéis sin, fiú go hindíreach, faisnéis maidir le staid sláinte, fiú amach anseo, an lúthchleasaí lena mbaineann, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

An cúigiú ceist a tharchuirtear

83. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an ionann an foilsiú atá faoi cheist agus próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS. Sonraíonn sí chuige sin go gcuimsítear leis na pionóis atá faoi cheist sa díospóid sna príomhimeachtaí aistarraingt craobhacha agus gradam, agus fionraí roinnt blianta nó toirmeasc saoil i leith gach comórtas (náisiúnta agus idirnáisiúnta). Cuireann sí in iúl thairis sin, de bhun Airteagal 24(4) de ADBG, nach bhféadfaidh na heagraíochtaí spóirt 'dul i muinín' daoine atá ar fionraí de bhun na reachtaíochta frithdhópála agus nach bhféadfaidh siad dá bhrí sin iad a fhostú mar mhalairt ar luach saothair.

84. Roimh anailís a dhéanamh ar chineál na gciontuithe agus coireanna frithdhópála atá faoi cheist, tabharfaidh mé chun cuimhne an méid atá i ngeall le haicmiú coiriúil faoi Airteagal 10 de RGCS.

1. An méid atá i ngeall le cineál 'coiriúil' na gciontuithe agus na gcoireanna de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS

85. Ba cheart a thabhairt chun cuimhne nach dtoirmeascann reachtas an Aontais sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil, ach go gcuireann sé faoi réir rialú treisithe í, a mhéid a bhféadfadh sí tionchar suntasach a imirt ar shaol na ndaoine lena mbaineann, go háirithe i leith dochar a dhéanamh don chlú nó maidir le hidirdhealú i réimsí eile. Ní féidir próiseáil den sórt sin tarlú ach amháin 'faoi rialú údaráis phoiblí' nó i gcás go bhforáiltear leis an reachtaíocht lena n-údaraítear an phróiseáil sin do 'ráthaíochtaí iomchuí le haghaidh chearta agus shaoirsí na ndaoine lena mbaineann'.[52] Coinnítear le hAirteagal 10 de RGCS an chosaint mhéadaithe sin don réimse coiriúil amháin, agus tuigtear go gcumhdaítear leis an téarma 'coiriúil' 'ciontuithe' agus 'coireanna' araon.[53]

86. Mar sin d'fhéadfadh coinneáil clár de na ciontuithe coiriúla agus coireanna ag eagraíochtaí príobháideacha teacht faoi Airteagal 10 de RGCS,[54] mar shampla i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne sciúradh airgid nó i gcomhthéacs gníomhaíochtaí shaotharlanna na bpóilíní eolaíocha.[55] D'fhéadfaimis tagairt a dhéanamh freisin do shampla na próiseála sonraí pearsanta ag eagraíochtaí a ligeann feithiclí ar cíos lena sainaithnítear agus lena n-ainmnítear tiománaí atá tar éis rialacha na mbóithre a shárú.

52 Féach na breithiúnais in *Latvijas Republikas Saeima* (mír 100), agus an 7 Márta 2024, *Endemol Shine Finland* (C-740/22, EU:C:2024:216, mír 49). Féach, de réir analaí, faoi Airteagal 8(5) de Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31), breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *GC agus páirtithe eile* (Díthagairt a dhéanamh do shonraí íogaire) (C-136/17, EU:C:2019:773).

53 Féach an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima* (míreanna 77 go 79), a tháinig i ndiaidh Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar sa chás *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2020:1054, míreanna 74 go 78).

54 Ní mór a thabhairt chun cuimhne go dtagann próiseáil sonraí pearsanta chun na gcríoch sin ag na '*húdaráis inniúla*' de réir bhrí Threoir 2016/680 faoin Treoir sin mar *lex specialis* (féach mír 34 den Tuairim seo) agus ní faoi RGCS mar *lex generalis*. Mar sin féin, nuair a dhéanann eagraíochtaí príobháideacha an phróiseáil (nó údaráis inniúla, ach chun críocha eile seachas iad siúd arna leagan amach i dTreoir 2016/680), d'fhéadfadh feidhm a bheith ag RGCS, go háirithe Airteagal 10 de.

55 Féach aithris 19 de RGCS.

87. Sa chás seo, is í an cheist dá bhrí sin an ionann an ‘taifead spórtúil’, arna chur ar líne ag NADA agus ÖADR, agus ‘clár’ na gciontuithe coiriúla agus na gcoireanna a thagann faoi raon feidhme Airteagal 10 de RGCS agus dá n-éilítear cosaint threisithe mar sin.

Anailís ar chineál ‘coiriúil’ nó neamhchoiriúil na gciontuithe agus na gcoireanna frithdhópála, de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS

88. De réir chásdlí na Cúirte, éilítear léiriú neamhspleách agus aonfhoirmeach ar an gcoincheap ‘coir choiriúil’, atá cinntitheach chun infheidhmeacht Airteagal 10 de RGCS i leith próiseáil sonraí pearsanta chinneadh, ar fud an Aontais, ar léiriú é nach mór a lorg agus an cuspóir a shaothraíonn an fhoráil sin agus an comhthéacs ina bhfuil sí á gcur san áireamh, gan go mbeidh an chaoi a d’aicmigh an Ballstát lena mbaineann na coireanna sin cinntitheach, ós rud é go bhféadfadh an t-aicmiú sin a bheith difriúil de réir na tíre.

89. Mar sin tá an trí ‘chritéar *Engel*’, arna nglacadh ag an gCúirt,[56] eadhon aicmiú dlíthiúil na coire sa dlí inmheánach, cineál féin na coire agus tromchúis an phionóis a bhféadfadh údar na coire a bheith faoina réir, ábhartha chun cineál coiriúil coire a mheas.

90. Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas, i bhfianaise na gcritéar sin, cé acu atá cineál coiriúil ag na ciontuithe agus coireanna atá faoi cheist sna príomhimeachtaí de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS, féadfaidh an Chúirt, agus rialú á thabhairt ar tarchur chun réamhrialú, sonraíochtaí a thabhairt, atá beartaithe chun an chúirt sin a threorú maidir lena measúnú.[57]

91. Scrúdóidh mé dá bhrí sin na coireanna agus ciontuithe atá faoi cheist i bhfianaise na dtrí chritéar sin.

– *Aicmiú dlíthiúil na coire sa dlí náisiúnta*

92. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go reáchtálann ÖADR, i ndlí na hOstaire, nósanna imeachta *araíonachta* le haghaidh na cónaidhme spóirt atá inniúil. Ar an gcaoi chéanna, chuir rialtas na hOstaire chun suntais, le linn na héisteachta, go bhfuil cineál *sui generis* ag an reachtaíocht frithdhópála a mhéid arb ionann na coireanna frithdhópála agus sáruithe ar rialacha na gcónaidhmeanna spóirt lena mbaineann, a gheallann na lúthchleasaithe a urramú,[58] agus nach sáruithe ar an dlí iad.

93. Ní chlaonann aicmiú na gcoireanna frithdhópála sa dlí náisiúnta mar sin i dtreo aicmiú ‘coiriúil’ de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS.

94. Mar sin féin, ní mór raon feidhme an chéad chritéir *Engel* sin a fheiceáil ina cheart, ós rud é fiú le haghaidh coireanna nach n-aicmítear mar bheith ‘coiriúil’ leis an dlí naisiúnta, go bhféadfadh aicmiú den sórt sin teacht chun cinn in aon chás ó chineál féin na coire atá faoi cheist agus ó

[56] Critéir ainmnithe a chaoi sin trí thagairt a dhéanamh don bhreithiúnas inar leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine amach iad den chéad uair: ECtHR, 8 Meitheamh 1976, *Engel* v *an Ísiltír* (CE:ECHR:1976:0608JUD000510071, § 82). Ghlac an Chúirt na critéir sin go háirithe i mbreithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *Bonda* (C-489/10, EU:C:2012:319, míreanna 37 agus míreanna leantacha). Féach, freisin, an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima* (míreanna 85 agus 87, agus an cásdlí dá dtagraítear).

[57] Féach breithiúnais an 20 Márta 2018, *Menci* (C-524/15, EU:C:2018:197, mír 27), agus an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft* (C-27/22, EU:C:2023:663, mír 46).

[58] Trí dhul isteach in eagraíocht spóirt agus trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí agus comórtais spórtúla, geallann na lúthchleasaithe proifisiúnta (go conarthach nó trína dtoiliú a thabhairt) gan dul i mbun cleachtais dópála.

thromchúis na bpionós a bhféadfadh a bheith mar thoradh uirthi.[59] Is fíor sin go háirithe maidir le rialú frithdhópála, ós rud é go bhfágann an córas tras-stát arna chur ar bun go ndéanann roinnt gníomhaithe, idirnáisiúnta agus náisiúnta,[60] idirghabháil, agus gur thóg na Ballstáit CDF isteach ina gcóras dlíthiúil faoi seach ar bhealaí difriúla. Tá difríocht ann go riachtanach mar sin i leith chur chun feidhme an na reachtaíochta frithdhópála de réir an Stáit, ag brath ar shamhlacha difriúla eagraíochta stát, cé gur cosúil, i bhformhór na mBallstát, nach bhfuil inniúlachtaí coiriúla ag ENFDanna chuige sin.[61]

95. Is iomchuí dá bhrí scrúdú a dhéanamh ar an dá chritéar eile *Engel*.

– *Cineál na coire*

96. Ceanglaítear leis an dara critéar seo a fhíorú cé acu a shaothraítear leis an bpionós a fhreagraíonn don choir atá faoi cheist, *inter alia*, cuspóir smachtúil, gan é a bheith mar thoradh ar an imthoisc amháin go saothraítear leis cuspóir coisctheach freisin go mbaintear a aicmiú mar 'phionós coiriúil' uaidh. Tá sé mar chuid dhílis de phionóis choiriúla go bhfeidhmíonn siad chun iompar mídhleathach a smachtú agus a chosc. Mar mhalairt air sin, níl cineál coiriúil ag beart atá teoranta don dochar arna chruthú leis an gcoir atá faoi cheist a leigheas.[62]

97. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfreagraíonn dhá chatagóir pionós leis na coireanna frithdhópála.

98. Is é atá i gceist, ar thaobh amháin, aistarraingt craobhacha agus gradam, arb ionann sin agus na gnóthachain a aisghabháil d'fhonn iad a athdháileadh ar na lúthchleasaithe a mbeadh tar éis a bheith i dteideal iad dá mba rud é nár ghlac an lúthchleasaí ar a gearradh pionós páirt sa chomórtas. Is cosúil go bhfreagraíonn pionós den sórt sin don sárú ar 'rialacha an chluiche' (an '*lex sportiva*') agus go bhféadfaí é a mheas mar bheith beartaithe go bunúsach chun iontaofacht na gcomórtas a athbhunú,[63] cé nach mbaintear leis sin aon ní óna chineál pionósach i leith an lúthchleasaí lena mbaineann.

99. Is é atá i gceist, ar an taobh eile, fionraí ar rannpháirtíocht i gcomórtais spóirt, a bhféadfadh leanúint ar aghaidh le haghaidh cúpla mí nó roinnt blianta, nó fiú, mar is amhlaidh an cás i leith ceann de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, toirmeasc saoil ar rannpháirtíocht i ngach comórtas. Is cinnte go bhféadfaí an fhionraí sin a mheas mar mhian 'cúl a thabhairt' don lúthchleasaí ar a bhfuil an locht nó é eisiamh ó phobal na lúthchleasaithe agus, leis sin, sláine an

59 Féach an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima* (mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Thairis na cónaidhmeanna spóirt idirnáisiúnta agus náisiúnta, tagraím go háirithe do na heagraíochtaí inniúla arna n-ainmniú ag leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear 'eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála' ('ENFDanna'), ar iadsan na heintitis arna n-ainmniú ag gach tír mar údaráis phríomhúla atá freagrach as cláir frithdhópála ar an leibhéal náisiúnta, arna liostú ar shuíomh WADA (féach Clár ENFDanna ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.wada-ama.org/fr/programme-des-onad).

61 Féach an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (an Coimisiún Eorpach), van der Sloot, B., Paun, M., Leenes, R., et al., *Anti-doping & Data Protection: An evaluation of the anti-doping laws and practices in the EU Member States in light of the General Data Protection Regulation*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017, go háirithe lch. 58, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://data.europa.eu/doi/10.2766/042641.

62 Féach breithiúnais an 20 Márta 2018, *Garlsson Real Estate agus páirtithe eile* (C-537/16, EU:C:2018:193, mír 33); *Latvijas Republikas Saeima* (mír 89); an 23 Márta 2023, *Dual Prod* (C-412/21, EU:C:2023:234, mír 30); an 4 Bealtaine 2023, *MV – 98* (C-97/21, EU:C:2023:371, mír 42), agus an 14 Meán Fómhair 2023, *Vinal* (C-820/21, EU:C:2023:667, mír 50).

63 Féach Diakité, A., 'Chapitre 2. La mise en œuvre des sanctions applicables aux athlètes à l'épreuve du respect des droits fondamentaux', in *La mise en œuvre du Code mondial antidopage par les États*, Bruylant, an Bhruiséil, 2023 (1ú eagrán), mír 1145; Rouiller, C., ' Avis de droit sur la compatibilité de l'article 10.2 du Code mondial antidopage avec les principes fondamentaux du droit national suisse', an 25 Deireadh Fómhair 2005, lch. 20 agus leathanaigh leantacha (ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.wada-ama.org/sites/default/files/resources/files/Compatibilit%C3%A9_droit_suisse_Document_entier.pdf).

phobail sin a chaomhnú. Tá sí beartaithe freisin, áfach, chun pionós a ghearradh ar an lúthchleasaí a sháraigh na rialacha frithdhópála a gheall sé a urramú, chomh maith le lúthchleasaithe eile a dhíspreagadh ón rud céanna a dhéanamh.

100. Ní cosúil dá bhrí sin gurb ionann an chéad chuspóir de na pionóis frithdhópála sin, ar a laghad an fhionraí ar rannpháirtíocht i gcomórtais, agus an dochar arna fhulaingt ag tríú páirtithe mar gheall ar an sárú a leigheas, ach gurb ionann é ina ionad sin agus pionós a ghearradh ar iompar an lúthchleasaí lena mbaineann, rud a chlaonann i bhfábhar ciontú coiriúil.[64] Chuige sin, tá cuspóir smachtúil ag an reachtaíocht frithdhópála, fiú mura bhfuil sé mar chuid de chorp an dlí choiriúil.[65]

101. D'fhéadfadh an t-aicmiú mar 'choiriúil' de bhun an dara critéar *Engel* sin éiginnteachtaí de dhá shaghas a chruthú, áfach.

102. Eascraíonn an chéad éiginnteacht as an mbreithniú gur tugadh aghaidh ar na nósanna imeachta araíonachta faoi ghné shibhialta Airteagal 6 de ECHR ag Cúirt Strasbourg,[66] cé is moite de chásanna, mar shampla, ina dtabhaítear cailleadh saoirse agus ina mbaineann tromchúis leordhóthanach suntasach leis an bpionós.[67]

103. Go háirithe, mheas Cúirt Strasbourg go bhfuil feidhm ag gné shibhialta Airteagal 6 ECHR i leith 'breithnithe a bhaineann le haistarraingt an chirt chun gairm a chleachtadh',[68] lena n-áirítear sa réimse spóirt.[69]

104. Ní cineál coiriúil toirmisc ar ghairm a chleachtadh follasach dá bhrí sin, a mhalairt ar fad atá fíor.

105. Is cosúil dom, áfach, nach bhféadfaí a bhaint de thátal, *ipso facto* agus ar bhealach absalóideach, nach bhféadfadh pionós araíonachta a bhfuil sé mar thoradh air go gcuirtear rannpháirtíocht i gcomórtais spóirt ar fionraí riamh teacht faoi ábhar coiriúil.

64 Féach, chuige sin, cásdlí ECtHR lena gcuirtear cuspóir (smachtúil nó aisiríoch) an phionóis arna thabhú san áireamh (ECtHR, 23 Samhain 2006, *Jussila* v *Finlande* (CE:ECHR:2006:1123JUD007305301, § 38)).

65 Féach, chuige sin, Diakité, A., 'Chapitre 2. La mise en œuvre des sanctions applicables aux athlètes à l'épreuve du respect des droits fondamentaux', in *La mise en œuvre du Code mondial antidopage par les États*, Bruylant, an Bhruiséil, 2023 (1ú eagrán), lch. 501 agus leathanaigh leantacha, go háirithe mír 1143.

66 Le haghaidh achoimre ar an gcásdlí atá faoi cheist, féach ECtHR, 6 Samhain 2018, *Ramos Nunes de Carvalho e Sá* v *an Phortaingéil* (CE:ECHR:2018:1106JUD005539113, § 123), agus 5 Márta 2020, *Peleki* v *an Ghréig* (CE:ECHR:2020:0305JUD006929112, § 35). Féach freisin, chuige sin, an Tuairim maidir leis an gCód Domhanda Frithdhópála (tionscadal Cód 2021) an 13 Deireadh Fómhair 2019 ó Iar-Uachtarán ECtHR, Costa, J.-P., go háirithe lch. 5 agus leathanaigh leantacha, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.wada-ama.org/sites/default/files/resources/files/avis_2019_code_mondial_13_octobre.pdf.

67 Measadh gur tháinig na sáruithe ar an smacht míleata a bhí i gceist i gcás *Engel*, lenar ceanglaíodh sannadh ar aonad araíonachta le haghaidh tréimhse roinnt míonna, faoi ghné choiriúil Airteagal 6 de ECHR (ECtHR, 8 Meitheamh 1976, *Engel agus páirtithe eile* v *an Ísiltír* (CE:ECHR:1976:0608JUD000510071, § 85)].

68 Chun gné shibhialta Airteagal 6 ECHR a chur i bhfeidhm i leith nósanna imeachta araíonachta arna reáchtáil os comhair comhlachtaí corparáideacha agus ina bhfuil an ceart chun gairm a chleachtadh faoi cheist go díreach, féach ECtHR, 22 Iúil 2021, *Reczkowicz* v *an Pholainn* (CE:ECHR:2021:0722JUD004344719, § 183 go 185 agus an cásdlí dá dtagraítear) dírithe ar bhreithiúna agus dlíodóirí; ECtHR, 23 Meitheamh 1981, *Le Compte, Van Leuven agus De Meyere* v *an Bheilg* (CE:ECHR:1981:0623JUD000687875, § 41 go 51) maidir le dochtúirí; ECtHR, 27 Meitheamh 1997, *Philis* v *an Ghréig (Uimh. 2)* (CE:ECHR:1997:0627JUD001977392, § 45) maidir le hinnealtóir, agus ECtHR, 5 Márta 2020, *Peleki* v *an Ghréig* (CE:ECHR:2020:0305JUD006929112, § 39) maidir le nótaire.

69 Féach ECtHR, 2 Deireadh Fómhair 2018, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis* (CE:ECHR:2018:1002JUD004057510); ECtHR, 3 Meán Fómhair 2019, *Bakker* v *an Eilvéis* (CE:ECHR:2019:0903DEC000719807); ECtHR, 28 Eanáir 2020, *Ali Rıza agus páirtithe eile* v *an Tuirc* (CE:ECHR:2020:0128JUD003022610, § 153 go 161); ECtHR, 18 Bealtaine 2021, *Sedat Doğan* v *an Tuirc* (CE:ECHR:2021:0518JUD004890914, § 20), agus ECtHR, 18 Bealtaine 2021, *Naki agus AMED Sportif Faaliyetler Kulübü Derneği* v *an Tuirc* (CE:ECHR:2021:0518JUD004892416, § 20). Féach freisin, le déanaí, ECtHR, 10 Iúil 2025, *Semenya* v *an Eilvéis*, (CE:ECHR:2025:0710JUD001093421, go háirithe § 161).

106. Is cosúil go mbeadh cur chuige den sórt sin go hiomlán foirmiúil.

107. Thairis sin, ba cheart a thabhairt chun cuimhne, nach gá go mbeidh an dá ghné, sibhialta agus coiriúil, de chuid Airteagal 6 ECHR, comheisiach. [70]

108. Ar deireadh, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go ndéanann Cúirt Strasbourg scrúdú ar chineál coiriúil nó sibhialta na coire atá faoi cheist ag féachaint do na hagóidí a mhaítear os a comhair agus d'fhonn a mheas cé acu atá feidhm ag gné shibhialta (mír 1) nó choiriúil (míreanna 1 go 3) na ráthaíochtaí i leith triail chóir dá bhforáiltear in Airteagal 6 ECHR.

109. Mar mhalairt air sin, i gcomhthéacs Airteagal 10 de RGCS, is é atá i gceist a mheas cé acu atá an ciontú nó an choir coiriúil d'fhonn a chinneadh an mbaineann an próiseáil atá faoi cheist (sa chás seo, an foilsiú) le faisnéis atá i dteideal cosaint threisithe a fháil lena dtugtar rialú ag údarás poiblí le tuiscint. Chuirfinn leis sin nach gcoisctear le haon ní léiriú níos leithne a ghlacadh lena n-áirithítear cosaint threisithe do na cearta agus saoirsí atá faoi cheist. [71] Is sa chomhthéacs sin d'Airteagal 10 de RGCS a bhfuil ar an gcúirt a rinne an tarchur a mheas cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar critéir *Engel*, agus go háirithe an dara critéar maidir le cineál an tsáraithe.

110. Eascraíonn an dara éiginnteacht as an bhfíoras nach mbaineann na coireanna agus ciontuithe frithdhópála ach le grúpa sonrach daoine, eadhon lúthchleasaithe, amhail na pionóis araíonachta a bhfuil sé mar chuspóir leo go ginearálta urraim, de chuid a mbaill, a áirithiú ar rialacha iompair, ar rialacha iad a bhaineann leis an ngrúpa atá faoi cheist. [72] Tá forálacha den sórt sin beartaithe chun onóir agus clú na gairme a chosaint agus chun muinín an phobail sa ghairm sin a chaomhnú. [73]

111. Cinnte, cheadódh breithniú den sórt sin an choir a aicmiú mar bheart 'araíonachta' sa chaoi go bhfuil feidhm aici i leith líon áirithe daoine ar a bhfuil corp sonrach rialacha dírithe. Ina leith sin, tá an cás seo éagsúil ón gcás as ar eascair an breithiúnas in Latvijas Republikas Saeima, inar bhraith sannadh pointí pionóis as coireanna bóithre ar théacs de chur i bhfeidhm ginearálta. [74]

112. Ní chuirtear an t-aicmiú mar 'choir choiriúil' de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS as an áireamh, áfach. Dá mbeadh an raon feidhme níos cúinge, a bhaineann le rialú araíonachta, leordhóthanach chun aicmiú 'coiriúil' na coire a chosc, cur chuige iomlán foirmiúil i leith an choincheapa a bheadh ann arís. Ní réitíonn cur chuige den sórt sin go maith leis an gcásdlí lena gceanglaítear cuspóir smachtúil nó coisctheach an phionóis a lorg chuige sin chun cineál na coire a shainiú, mar mhalairt ar chuspóir iomlán aisiríoch.

113. Sa chás seo, áfach, mar a luaitear cheana, [75] níl sé mar chuspóir leis na ciontuithe frithdhópála, an díobháil arna déanamh leis na coireanna atá i gceist a leigheas (nó ní hé sin an t-aon chuspóir atá acu má smaoinítear ar an díobháil arna déanamh do phobal na

70 Féach ECtHR, 10 Feabhra 1983, *Albert agus Le Compte* v *an Bheilg* (CE:ECHR:1983:0210JUD000729975, § 30 agus an cásdlí dá dtagraítear); ECtHR, 6 Samhain 2018, *Ramos Nunes de Carvalho e Sá* v *an Phortaingéil* (CE:ECHR:2018:1106JUD005539113, § 121), ECtHR, 1 Meitheamh 2023, *Grosam* v *Poblacht na Seice* (CE:ECHR:2023:0601JUD001975013, § 112).

71 Féach ECtHR, 22 Nollaig 2020, *Gestur Jónsson agus Ragnar Halldór Hall* v *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1222JUD006827314, § 93).

72 Mar mhalairt air sin, claonann an fíoras go ndírítear riail lena ngearrtar pionós ar shárú ar leith chuig gach saoránach i bhfábhar cineál coiriúil an phionóis (féach ECtHR, 21 Feabhra 1984, *Öztürk* v *an Ghearmáin* (CE:ECHR:1984:0221JUD000854479, § 53)).

73 Féach ECtHR, 6 Samhain 2018, *Ramos Nunes de Carvalho e Sá* v *an Phortaingéil* (CE:ECHR:2018:1106JUD005539113, § 125).

74 Tá sé éagsúil freisin ó na fíorais atá faoi cheist i mbreithiúnas an 20 Márta 2018, *Garlsson Real Estate agus páirtithe eile* (C-537/16, EU:C:2018:193), inar bhraith an fhíneáil riaracháin airgid as iompar aindleathach arb ionann é agus cúbláil margaidh ar théacs reachtach de raon feidhme ginearálta.

75 Féach mír 100 den Tuairim seo.

lúthchleasaithe), ach saothraítear leo, mar mhalairt air sin, cuspóir smachtúil lena n-aicmítear mar chiontú 'coiriúil' iad de réir an léirithe ar an dara critéar sin leis an gcásdlí, gan beann ar chineál ginearálta nó eile an téacs is infheidhme. Ba cheart a chur in iúl freisin go n-aithníonn an Tribunal arbitral du sport (an Chúirt Eadrána Spóirt, an Eilvéis), ar institiúid idirnáisiúnta í a chuireann eadráin nó idirghabháil ar fáil i réimse an spóirt, nuair is gá, cineál 'garchoiriúil' na bpionós frithdhópála. [76]

114. In éineacht leis sin, d'fhéadfadh coireanna frithdhópála áirithe, amhail gáinneáil substaintí atá faoi thoirmeasc, a bheith mar chúis le pionóis a thagann faoin reachtaíocht frithdhópála agus faoin reachtaíocht choiriúil náisiúnta ag an am céanna. Cinnte, mheas Cúirt Strasbourg nach leor an fíoras gurb ionann gníomhartha a bhféadfadh pionós araíonachta a thabhú, agus coireanna coiriúla freisin chun a mheas go bhfuil daoine atá freagrach de réir an dlí araíonachta 'faoi dhrochamhras' i leith coir choiriúil. [77] Is cosúil dom, áfach, go bhféadfadh gurb ionann sin agus gné le cur san áireamh i gcomhthéacs an dara critéar *Engel*.

115. Mar sin, in ainneoin an amhrais arna chur in iúl, measaim nach féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo, i bhfianaise a gcineáil smachtúil nó coisctheach, go bhféadfaí coireanna frithdhópála áirithe a mheas mar bheith coiriúil de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS.

– *Tromchúis an phionóis*

116. Ní mór an tríú critéar *Engel* a mheas ag féachaint don uasphionós arna thabhú, dá bhforáiltear leis na forálacha ábhartha. [78]

117. Athraíonn an tromchúis sin, áfach, ag féachaint don choir frithdhópála arna dhéanamh. Mar shampla, athraíonn fad na fionraí a thabhaítear ag brath ar na coireanna frithdhópála atá faoi cheist. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh atitimeachas agus rún údar an tsáraithe tionchar a imirt freisin chuige sin. [79]

118. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, sa chás seo, go bhféadfadh gurb é atá i gceist 'fionraí roinnt blianta nó toirmeasc saoil ar gach comórtas (náisiúnta agus idirnáisiúnta)', a bhféadfadh toirmeasc críochnaitheach ar ghairm an lúthchleasaí a chleachtadh a bheith mar thoradh air.

119. Is cinnte nach bhfuil pianbhreith choimeádta i gceist leis. Níl an méid sin cinntitheach, áfach, ós rud é nach bhféadfadh 'laige an méid atá i ngeall leis cineál dílis coiriúil coire a bhaint uaithi'. [80] Thairis sin, d'fhéadfadh deireadh teacht le gairm phroifisiúnta spórtúil an duine lena mbaineann, de réir fhad na fionraí, go háirithe agus aois na ndaoine lena mbaineann á chur san áireamh, chomh maith leis an mbreithniú go mbíonn an ghairm, i roinnt spórt go háirithe, gearr go leor.

[76] An Chúirt Eadrána Spóirt, 9 Lúnasa 1999, Uimh. 98/222, B. v International Triathlon Union (ITU) (mír 43), ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://jurisprudence.tas-cas.org/Shared%20Documents/222.pdf. Féach, freisin, chuige sin, Soek, J., *The strict liability principle and the human rights of the athlets in doping cases*, T.M.C. Asser Press, La Haye, 2006, go háirithe lch. 272, ar dá réir fiú mura bhfuil an dlí araíonachta frithdhópála a chuireann na cónaidhmeanna agus eagraíochta spóirt i bhfeidhm ina dhlí coiriúil ann féin, go bhféadfaí é a aicmiú i gcásanna áirithe mar 'chóras pionósach' ina leith a mbeartaítear go mbeidh feidhm ag prionsabail an dlí choiriúil.

[77] Féach ECtHR, 5 Márta 2020, *Peleki* v *an Ghréig* (CE:ECHR:2020:0305JUD006929112, § 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[78] Féach breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *MV – 98* (C-97/21, EU:C:2023:371, mír 46), agus ECtHR, 9 Deireadh Fómhair 2003, *Ezeh agus Connors* v *an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2003:1009JUD003966598, § 120).

[79] Maidir leis an gcóras pionóis, féach Airteagal 10 de CDF. Féach, freisin, Soek, J., *The strict liability principle and the human rights of the athlets in doping cases*, T.M.C. Asser Press, La Haye, 2006, go háirithe lch. 195 agus na leathanaigh leantacha.

[80] Féach ECtHR, 22 Nollaig 2020, *Gestur Jónsson agus Ragnar Halldór Hall* v *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1222JUD006827314, § 78), maidir leis na héagóracha arna ndéanamh ag gairmithe dlí le linn éisteachta.

120. In éineacht leis an bhfionraí sin, a fhéadfadh a bheith ‘don saol’, bheadh sé dodhéanta sa chleachtas post a aimsiú i réimse an spóirt, agus aird á tabhairt ar an toirmeasc ceangal a bheith agat le duine atá ar fionraí le linn fhad a fhionraí.

121. Ar deireadh, tagann míshástacht na sochaí agus stiogmatú sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach in éineacht leis na hiarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais don duine lena mbaineann.

122. Mar thoradh air sin, i mo thuairim, baineann tromchúis le pionós den sórt sin a fhéadfadh *éifeacht atá chomhionann le ciontú coiriúil* a bheith aici de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS, rud a bheidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a mheas i ngach cás ar leith.

123. Mar thoradh air sin, measaim, i bprionsabal, gur cheart a mheas go dtagann na coireanna agus ciontuithe frithdhópála faoin réimse araíonachta, seachas i gcás go bhfuil an ciontú chomh tromchúiseach sin go dtagann sé faoi ábhar coiriúil. Tá measúnú den sórt sin, nach bhféadfaí amhras a chaitheamh uirthi leis an aicmiú amháin faoin dlí náisiúnta, mar chuid thairis sin de chuspóir smachtúil agus coisctheach an ciontaithe lena dtugtar cineál coiriúil don choir arna déanamh. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh dá bhrí sin gurb ionann fionraí saoil ar pháirt a ghlacadh i ngach comórtas, dar liom, agus *pionós a bhfuil éifeacht aige atá comhionann le pionós coiriúil*, atá de chineál chun infheidhmeacht Airteagal 10 RGCS a spreagadh.

124. Ar deireadh, cuirim leis sin nach bhfuil argóint NADA, lena dtugtar rabhadh i leith na n-iarmhairtí a bheadh ann le haghaidh na ngrúpaí gairmiúla uile dá gcuirfí Airteagal 10 RGCS i bhfeidhm i leith próiseáil sonraí a bhaineann le coireanna agus ciontuithe araíonachta, áititheach. Ní hé atá i gceist ‘coiriúlú’ a dhéanamh ar bhealach ginearálta agus teibí ar gach coir agus ciontú araíonachta. Léirigh an anailís roimhe seo nach mór an measúnú a dhéanamh de réir imthosca gach cáis agus i bhfianaise an léirithe ar Airteagal 10 de RGCS lena bhforchuirtear, i gcás ‘clár’ ciontuithe agus coireanna a thagann faoina raon feidhme, do chosaint threisithe. Mar a tharlaíonn, féadfar teacht ar bhunús dlí na próiseála ar shonraí a bhaineann le coireanna nó ciontuithe den sórt sin a n-aicmítear mar bheith ‘coiriúil’ i reachtaíocht an Aontais nó na mBallstát freisin, lena bhforáiltear do ‘ráthaíochtaí iomchuí’.

Conclúid maidir leis an gcúigiú ceist

125. Measaim gurb iomchuí a thabhairt mar fhreagra ar an gcúigiú ceist nach mór Airteagal 10 de RGCS a léiriú sa chaoi go bhféadfadh feidhm a bheith aige i leith próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe nó coireanna dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta frithdhópála, ós rud é, gan beann ar aicmiú na gcoireanna sin sa dlí náisiúnta, go saothraítear leis na ciontuithe atá mar thoradh orthu cuspóir smachtúil agus go léiríonn siad leibhéal tromchúise sa chaoi go bhfuil éifeacht atá comhionann le pionós coiriúil acu, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

An séú ceist

126. I gcás go dtabharfar freagra dearfach ar an gcúigiú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá go mbeadh gníomhaíochtaí nó cinntí údaráis, ar cuireadh de chúram air rialú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla coireanna nó bearta slándála gaolmhara i gcomhréir le hAirteagal 10 de RGCS, faoi réir athbhreithniú breithiúnach?

127. Sa chéad áit, ba cheart a shonrú gur ‘údarás oifigiúil’ de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS é an t-údarás atá faoi cheist, nár cheart a mheascadh suas leis an ‘údarás maoirseachta’, de réir bhrí Airteagal 51 de RGCS.[81] Ba cheart a thabhairt chun cuimhne freisin nach ndéanfar sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil ach amháin faoi rialú údaráis oifigiúil nó nuair atá an phróiseáil sin údaraithe le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí.[82] Is gá an freagra ar an gceist seo a chur i gcomhthéacs na bhfreagraí ar an tríú agus ceathrú ceist a tharchuirtear, a scrúdófar ina dhiaidh seo.[83]

128. Sa dara háit, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon sainmhíniú in RGCS ar an gcoincheap ‘údarás oifigiúil’ nó ‘rialú údaráis oifigiúil’ de réir bhrí Airteagal 10 den Rialachán sin. Is faoi na Ballstáit atá sé chuige sin a chinneadh cén comhlacht a dhéanann rialú ‘údaráis oifigiúil’ i gcás próiseáil sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS. Mar a chuir an Coimisiún in iúl, ní chuirtear as an áireamh go bhféadfaí roinnt seirbhísí a mheas mar sin agus nach an ‘rialaitheoir’ atá i gceist go riachtanach.

129. Sa tríú háit, is fíor é nach bhforáiltear le foclaíocht Airteagal 10 de RGCS d’athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhaíochtaí an ‘údaráis oifigiúil’ sin. Mar sin féin, claonann an léiriú comhthéacsúil ar an bhforáil sin i bhfábhar athbhreithniú den sórt sin má bheartaíonn na daoine lena mbaineann a gcearta a agairt. Amhail roinnt páirtithe leasmhara, measaim nach mór don athbhreithniú ar ghníomhartha in ábhar próiseála sonraí pearsanta, lena n-áirítear nuair a tharlaíonn an t-athbhreithniú sin i ndiaidh cinnidh ó údarás oifigiúil de réir bhrí Airteagal 10 de RGCS, bheith i gcomhréir le hAirteagal 79(1) de RGCS, cé nach dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur don mhéid sin ina ceist. De bhun na forála sin, gan dochar d’aon leigheas riaracháin nó seachbhreithiúnach, lena n-áirítear an ceart chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta de bhun Airteagal 77 den Rialachán seo, tá an ceart ag gach ábhar sonraí chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil má mheasann sé gur sáraíodh na cearta a dheonaítear dó leis an Rialachán seo mar gheall ar phróiseáil ar a shonraí pearsanta arna déanamh de shárú ar an Rialachán sin. Mar a tharlaíonn, mar a chuir Rialtas na Fionlainne chun suntais, tá sé mar chuid dhílis den smacht reachta gurb ann fiú d’athbhreithniú breithiúnach éifeachtach atá beartaithe chun urraim do dhlí an Aontais a áirithiú.

130. Sa cheathrú háit, deimhnítear léiriú den sórt sin leis an gcuspóir dá dtagraítear le hAirteagal 10 de RGCS, eadhon cosaint threisithe a áirithiú i gcoinne próiseáil a fhéadfadh, mar gheall ar íogaireacht shonrach na sonraí atá faoi cheist, a bheith ina chur isteach an-tromchúiseach ar na cearta bunúsacha i leith urraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta.[84] Thiocfadh léiriú ar Airteagal 10 de RGCS lena gcuirfí, *a priori* agus ar bhealach ginearálta, gníomhaíochtaí nó cinntí údaráis oifigiúil de réir bhrí na forála sin as an áireamh ó gach athbhreithniú breithiúnach salach ar na cuspóirí sin.

131. Sna himthosca sin agus in éagmais a thuilleadh beaichte maidir le gníomhaíochtaí nó cinntí an údaráis oifigiúil atá faoi cheist, measaim gurb iomchuí a thabhairt mar fhreagra ar an séú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú nach mór Airteagal 10 de RGCS, arna léamh i bhfianaise Airteagal 79(1) den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi gur cheart go mbeadh gníomhaíochtaí nó

81 Sa chás seo, is é an t-údarás maoirseachta de réir bhrí na forála sin Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí.

82 Le haghaidh cáis ina gcuirtear an cheist an dtairgtear ráthaíochtaí leordhóthanacha leis an dlí náisiúnta maidir le coinníollacha rochtana ar an taifead coiriúil, féach an cás *an Coimisiún* v *an Ungáir (Luachanna an Aontais)* (C-769/22, 2023/C 54/19) (IO 2023 C 54, lch. 16), atá ar feitheamh tráth na Tuairime seo, agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta an 5 Meitheamh 2025 sa chás sin (EU:C:2025:408, go háirithe míreanna 356 go 359).

83 Féach míreanna 132 go 180 den Tuairim seo.

84 Féach an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima*, míreanna 74 agus 75.

cinntí údaráis ar cuireadh de chúram air rialú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna nó le bearta slándála gaolmhara de bhun na forála sin in ann a bheith ina n-ábhar d'athbhreithniú breithiúnach.

An tríú agus ceathrú ceist

132. I gcomhthéacs an dá cheist sin, ar féidir iad a scrúdú in éineacht a chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, sa chéad áit, an féidir Airteagal 5(1)(a) agus (c) agus an dara fomhír d'Airteagal 6(3) de RGCS a léiriú sa chaoi go gcoisctear oibleagáid leo, ar oibleagáid í arna forchur leis an dlí náisiúnta ar eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála, chun na sonraí pearsanta atá faoi cheist a fhoilsiú, eadhon go háirithe ainm na lúthchleasaithe ar a gearradh pionós as sárú a dhéanamh ar an reachtaíocht frithdhópála, fad na fionraí arna forchur agus na cúiseanna atá léi.

133. Fiafraíonn sí, sa dara háit, cé acu a cheanglaítear le RGCS, roimh an bhfoilsiú, go n-aimseoidh an rialaitheoir cothromaíocht idir na leasanna atá i gceist de réir an cháis nó an leor an rialú ar chomhréireacht dá bhforáil an reachtas.

Comhréireacht an fhoilsithe atá faoi cheist

134. D'fhoráil an reachtas náisiúnta, in ADBG, d'fhoilsiú sonraí áirithe (ainm an lúthchleasaí, fad na fionraí agus na cúiseanna atá léi), saor in aisce, [85] agus an méid sin a bheith ar fáil don eagraíocht cónaidhme spóirt, na heagraíochtaí spóirt, na lúthchleasaithe, daoine eile (foireann bainistithe), eagraithe comórtais, agus don phobal i gcoitinne, gan go mbeifear in ann sonraí a bhaineann leis an tsláinte a dhéanamh amach ón méid sin. Foráiltear freisin nach féidir an fhaisnéis atá le foilsiú a fhágáil ar lár i leith an phobail i gcoitinne ach amháin más lúthchleasaí amaitéarach, duine atá go háirithe leochaileach (mionaoiseach) nó duine a chuir go suntasach le sáruithe frithdhópála féideartha a nochtadh trí fhaisnéis nó fianaise eile a nochtadh atá i gceist. Mura bhfuilim mícheart, sa chás sin, ní fhoráiltear go sainráite do lua na substainte faoi thoirmeasc atá faoi cheist, ná d'fhoilsiú trí nithe a chur ar an Idirlíon le ADBG.

135. Sa chleachtas, chuir NADA agus ÖADR an reachtaíocht seo chun feidhme trí fhoilsiú ar an Idirlíon le haghaidh na lúthchleasaithe proifisiúnta, in éineacht le lua na substainte faoi thoirmeasc atá faoi cheist i leith fhoilsiú ÖADR.

– *Réamhbharúlacha agus tabhairt chun cuimhne prionsabal*

136. Ba cheart a thabhairt chun cuimhne gurb ionann an cuspóir a shaothraítear le RGCS, mar is léir ó Airteagal 1 agus aithrisí 1 agus 10 de, *inter alia*, agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do shaoirsí agus cearta bunúsacha daoine nádúrtha, go háirithe a gceart chun príobháideachais i leith próiseáil a sonraí pearsanta, a chumhdaítear in Airteagal 8(1) den Chairt agus Airteagal 16(1) CFAE agus atá ceangailte go dlúth leis an gceart go ndéanfar a shaol príobháideach a urramú, a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt.

[85] Féach pointe 4 d'Airteagal 5(6) de ADBG.

137. Chuige sin, níl na cearta bunúsacha i leith urraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta, a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ina gcearta absalóideacha. Is féidir teorainneacha a chur leo, ar chuntar, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, go bhforáiltear do na teorainneacha le dlí agus go n-urramaíonn siad inneachar sár-riachtanach na gceart bunúsach chomh maith le prionsabal na comhréireachta. [86]

138. Sa chás seo, foilsítear sonraí pearsanta na lúthchleasaithe lena mbaineann ar bhonn *oibleagáid dhlíthiúil* arna forchur ar rialaitheoirí leis an dlí náisiúnta. [87]

139. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an phróiseáil sonraí sin a mheas mar theacht faoin gcás hipitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(c) de RGCS, lena bhforáiltear go bhfuil próiseáil a bhfuil gá léi chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh dleathach. Ag féachaint don fhíoras go bhféadfaí an comhrac frithdhópála a mheas mar chúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, [88] d'fhéadfadh an phróiseáil atá faoi cheist teacht freisin faoin gcás hipitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(e) de RGCS. Ní gá, áfach, a chinneadh cé acu de na coinníollacha dlíthiúlachta sin atá infheidhme sa chás seo nó cé acu atá feidhm ag an dá cheann. [89]

140. Sonraítear *le hAirteagal 6(3) de RGCS*, i leith an dá chás hipitéiseacha sin maidir le dlíthiúlacht na próiseála, dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(c) agus (e) de RGCS, gur cheart go mbeadh an phróiseáil sin bunaithe ar dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus nach mór don bhunús dlí sin *cuspóir a bhaineann le leas an phobail* a chomhlíonadh agus a bheith *i gcomhréir* leis an aidhm dhleathach atá á saothrú.

141. Ar an gcaoi chéanna, ní mór do gach próiséail ar shonraí pearsanta a bheith i gcomhréir *inter alia* leis na prionsabail arna leagan amach in Airteagal 5(1) de RGPD, agus go háirithe le prionsabail na dlíthiúlachta agus 'íoslaghdú sonraí', atá i bpointí (a) agus (c) den fhoráil sin faoi seach. De réir phrionsabal an íoslaghdaithe, ní mór do na sonraí pearsanta a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil, agus leis sin cuirtear prionsabal na comhréireachta in iúl. [90]

142. Tugtar le tuiscint mar sin leis na ceisteanna arna gcur ag an gcúirt a rinne an tarchur nach mór a fhíorú cé acu a chomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta, mar bhunús dlí na próiseála atá faoi cheist, na ceanglais a eascraíonn as na forálacha sin, eadhon an gcomhlíonann sí cuspóir a bhaineann le leas an phobail agus an bhfuil sí i gcomhréir leis an gcuspóir dlisteanach atá á shaothrú.

143. Sa chás seo, i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne dópáil sa spóirt, ar cuspóir a bhaineann le leas an phobail é gan dabht, glactar pionóis i gcás sáruithe ar rialacha frithdhópála. Cuirtear leis sin nochtadh na sonraí pearsanta atá faoi cheist don phobal i gcoitinne, lena saothraítear dhá

86 Féach an breithiúnas in *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

87 Ceanglaítear ar NADA agus ÖADR an fhaisnéis atá faoi cheist a fhoilsiú, i gcomhréir, faoi seach, le pointe 4 d'Airteagal 5(6) agus Airteagal 21(3) de ADBG.

88 Níl an pointe sin á phlé sa chás seo agus ní cosúil dom go bhfuil aon amhras ann maidir le cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a bheith ann ag féachaint don leas ginearálta a shaothraítear leis an reachtaíocht frithdhópála (féach an breithiúnas in *Meca-Medina agus Majcen* v *an Coimisiún* (mír 43)).

89 D'fhéadfadh an t-oibriú próiseála céanna roinnt cúiseanna dlisteanacha próiseála a chomhlíonadh (féach breithiúnas an 3 Aibreán 2025, *Ministerstvo zdravotnictví (Sonraí a bhaineann le hionadaí duine dlítheanach)* (C-710/23, EU:C:2025:231, mír 42)) agus is leor ceann amháin de na cúiseanna dlisteanacha sin (féach an breithiúnais in *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (mír 71), agus an 12 Meán Fómhair 2024, *HTB Neunte Immobilien Portfolio agus Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV* (C-17/22 agus C-18/22, EU:C:2024:738, mír 38)].

90 Féach an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima* (mír 98 agus an cásdlí dá dtagraítear).

chuspóir, atá chomh dlisteanach céanna, arna gcur in iúl ag na páirtithe leasmhara agus ag Rialtas na hOstaire le linn na héisteachta. Ar thaobh amháin, is é atá i gceist lúthchleasaithe a *dhíspreagadh* ó na rialacha frithdhópála a shárú agus leis sin dópáil sa spóirt a chosc. Ar an taobh eile, is é atá i gceist dul timpeall ar na rialacha frithdhópála a sheachaint trí gach duine a fhéadfadh an lúthchleasaí a urrú nó a fhostú a chur ar an eolas go bhfuil sé ar fionraí. [91]

144. Ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú dá bhrí sin cé acu atá an reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear don phróiseáil atá faoi cheist, mar a chuir NADA agus ÖADR chun feidhme é, *in ann* cur le baint amach na gcuspóirí leasa ginearálta a shaothraítear léi, agus cé acu atá sí *riachtanach* agus *comhréireach* i leith na gcuspóirí sin, agus tá an Chúirt inniúil chun gnéithe úsáideacha léirithe a sholáthar di.

– *Cumas an fhoilsithe na cuspóirí beartaithe a bhaint amach*

145. Is cosúil dom gur féidir a mheas gan an iomarca deacrachtaí go bhfuil foilsiú na sonraí atá faoi cheist in ann an dá chuspóir a shaothraítear a bhaint amach.

146. Sa chéad áit, le foilsiú ainm an lúthchleasaí ar a ngearrtar pionós agus fad a fhionraí agus na cúiseanna atá léi, cuirtear an pobal i gcoitinne ar an eolas nach bhfágtar dópáil gan phionós agus go mbaineann ní hamháin pionóis léi ach freisin foilsiú ainmneach an phionóis fionraí. Spreagtar an pobal leis sin, agus ina measc lúthchleasaithe, proifisiúnta nó amaitéaracha, chun staonadh ó na rialacha frithdhópála a shárú agus comhlíonann sé dá bhrí sin an cuspóir díspeagtha agus coisctheach.

147. Sa dara háit, ceadaítear freisin le foilsiú na fionraí sin daoine a fhéadfadh a bheith ag iarraidh an lúthchleasaí lena mbaineann a fhostú ar bhealach ar bith bíodh is go mbaineann sé leis an spórt a chur ar an eolas go bhfuil sé ar fionraí agus nach gceadaítear dó fheidhmeanna spóirt a chomhlíonadh. Ba cheart a chur leis sin gurb ionann ceangal a bheith agat le lúthchleasaí atá ar fionraí agus sárú ar an reachtaíocht frithdhópála freisin. [92] D'fhéadfadh foilsiú den sórt sin cur sa chaoi sin le seachaint go ndéanfaí sáruithe den sórt sin mar gheall ar aineolas.

148. Mar mhalairt air sin, ní fheicim conas a cheadaítear le lua na substainte faoi thoirmeasc atá faoi cheist, nach bhforáiltear dó go sainráite leis an dlí náisiúnta ach arna fhoilsiú ag ÖADR, na cuspóirí beartaithe a bhaint amach. Ní gá le haghaidh an chuspóra díspreagtha ná an chuspóra i leith dul timpeall ar na rialacha frithdhópála a sheachaint mionsonraí den leibhéal sin a thabhairt maidir leis an sárú arna bhrath.

[91] Freagraíonn an dá chuspóir sin thairis sin do na cuspóirí arna lua ag WADA ina mhalartuithe le Grúpa Oibre 'Airteagal 29' agus ar a rinneadh athrá sa Dara Tuairim 4/2009, arna glacadh an 6 Feabhra 2009 maidir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta chun faisnéis phearsanta WADA a chosaint, maidir le forálacha Chód WADA a bhaineann leis sin agus le ceisteanna eile maidir leis an saol príobháideach i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne dópáil sa spórt ag WADA agus ag na heagraíochtaí (náisiúnta) frithdhópála (mír 3.6 maidir leis na pionóis ('Tuairim 4/2009').

[92] De réir phointe 8 d'Airteagal 1(2) de ADBG, féadfaidh an fíoras go bhfuil teagmháil ag lúthchleasaí le ball den fhoireann bainistíochta atá faoi thoirmeasc nó ar ghearradh pionós air a bheith ina shárú frithdhópála.

– *Riachtanas an fhoilsithe i bhfianaise na gcuspóirí beartaithe*

149. I gcomhréir le haithris 39 de RGCS, mar chuid d'fhíorú a dhéanamh ar riachtanas na próiseála atá faoi cheist ag féachaint do na cuspóirí beartaithe ba cheart a fhíorú nach bhfuil bearta malartacha ann nach gcuirfeadh isteach an méid céanna ar na cearta go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ach atá chomh éifeachtach céanna chun an cuspóir beartaithe a bhaint amach. [93]

150. Sa chéad áit, maidir leis an gcuspóir díspreagtha, ní cosúil dom go bhfuil nochtadh ainm na lúthchleasaithe lena mbaineann go hiomlán riachtanach i ngach cás.

151. Cinnte, tá an díspreagadh níos éifeachtaí más rud é, go háirithe i gcás lúthchleasaí cáiliúil, go nochtar a ainm in éineacht leis na pionóis. Tá freagracht ar leith ann ar lúthchleasaithe ardleibhéil a bhfuil cáil ar leith orthu, agus d'fhéadfadh nochtadh a n-ainm a bheith níos ábhartha thairis sin ag féachaint don chuspóir beartaithe.

152. Le haghaidh lúthchleasaithe proifisiúnta nach dtagann faoi na heisceachtaí dá bhforáiltear le ADBG, áfach, forálann an reachtaíocht náisiúnta do nochtadh ainmneach uathoibríoch, a bhfuil raon feidhme gan teorainn aige mar gheall ar an bhfoilsiú ar líne, [94] agus déantar an méid sin gan aird a thabhairt ar na himthosca ar leith a bhaineann leis na himthosca indibhidiúla (cáil an lúthchleasaí, leibhéal comórtais, atitimeachas, an ndearnadh d'aon ghnó é etc.) A mhéid sin, measaim go bhféadfadh na forálacha náisiúnta, lena gcineál ginearálta, dul níos faide ná an méid is gá le dópáil a chosc trí dhíspreagadh.

153. Sa dara háit, maidir leis an gcuspóir atá beartaithe chun stop a chur le dul timpeall ar an toirmeasc ceangal a bheith agat le duine atá ar fionraí, is gá dó sin a bheith feasach ar an lúthchleasaí atá i gceist. Mar sin is gá ainm an duine atá ar fionraí a nochtadh. Chuige sin, is léir ón iarraidh ar réamhrialú, de réir phointe 8 d'Airteagal 1(2) de ADBG, go bhféadfaidh an fíoras go bhfuil teagmháil ag lúthchleasaí le ball den fhoireann bainistíochta atá faoi thoirmeasc nó ar ghearradh pionós air a bheith ina shárú frithdhópála.

154. Mar sin féin, is cosúil dom go dtéann raon feidhme an fhoilsithe, nach bhfuil teorainn leis, a bhaineann le cur ar líne ar an idirlíon, níos faide ná an méid is gá. [95]

155. Is cosúil go bunúsach go bhfuil feidhm ag an gcuspóir sin chun dul timpeall ar na rialacha a sheachaint i ndomhan an spóirt [96] agus go bhfuil sé dírithe ar na daoine atá freagrach as cinntiú go n-urramófar na pionóis nó ar dhaoine freagracha eagraíochtaí nó comhlachas spóirt. Is cosúil go mbainfeadh scaipeadh níos srianta chéannacht an lúthchleasaí atá faoi cheist, sa chomhthéacs sin, an cuspóir amach ar bhealach éifeachtach nach gcuireann isteach an méid céanna ar chosaint

93 Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Latvijas Republikas Saeima*, míreanna 109 agus 110.

94 Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers* (C-37/20 agus C-601/20,, EU:C:2022:912, mír 42).

95 Féach, freisin, chuige sin, amhras Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' arna chur in iul i dTuairim 4/2009 i mír 3.6.1. Tá sé suimiúil a chur in iúl freisin cé gur fhoráil Airteagal 14.2.4 de CDF, i leagan 2009, nár mhór an foilsiú a dhéanamh ar a laghad tríd an bhfaisnéis is gá a chur ar *shuíomh Idirlín* na heagraíochta frithdhópála le linn bliain amháin ar a laghad, nach bhfuil an ceanglas sin i leith fhoilsiú ar an Idirlíon ann a thuilleadh sna leaganacha níos déanaí de CDF. In éineacht leis sin, sa Ghearmáin, déanann an eagraíocht frithdhópála foilsiú i meán clóite inmheánach (féach suíomh Idirlín NADA na Gearmáine, ar fáil ag an seoladh seo a leanas: https://www.nada.de/service/news/newsdetail/veroeffentlichung-von-sanktionsentscheidungen).

96 De réir Airteagal 2.10 de CDF agus an tráchtaireacht a ghabhann leis i bhfonóta 15, is cosúil gurb é atá i gceist leis a áirithiú nach n-oibríonn lúthchleasaithe (agus daoine eile) le 'traenálaithe, cóitseálaithe, dochtúirí nó aon bhall eile d'fhoireann bainistíochta an lúthchleasaí atá ar fionraí as sárú a dhéanamh ar na rialacha frithdhópála nó ar ciontaíodh go coiriúil iad nó ar gearradh pionós araíonachta orthu i leith na dópála. Toirmeasctar freisin leis an bhforáil seo ceangal a bheith agat le haon lúthchleasaí eile a ghníomhaíonn mar thraenálaí nó ball d'fhoireann bainistíochta an lúthchleasaí le linn tréimse fionraí'.

sonraí pearsanta. Thairis sin, mhínigh NADA ag an éisteacht, le haghaidh catagóirí áirithe lúthchleasaithe ar leibhéal níos ísle, go bhféadfaí an fhaisnéis maidir le fionraí a scaipeadh trí chónaidhmeanna.

156. Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha nó fostóirí lasmuigh de dhomhan an spóirt, is cinnte nach gceadódh foilsiú níos teoranta dóibh a bheith feasach go gcuirtear an lúthchleasaí atá faoi cheist ar fionraí agus go bhfuil toirmeasc orthu ceangal a bheith acu leis. A mhéid a cháinfí duine den sórt sin nach raibh ar an eolas, áfach, as ceangal a bheith acu le duine atá ar fionraí (lúthchleasaí nó duine eile), is cosúil dom go gceadófaí leis na rialacha i leith ualach cruthúnais, sa chás sin, a fhíorú cé acu a bhí an 'ceangal' sin comhfhiosach agus d'aon ghnó.[97] Mar mhalairt air sin, is cosúil dom go bhfágann an fíoras ar deireadh go bhfoilsítear an fionraí ar an Idirlíon, agus í ceangailte nó gan bheith ceangailte le hainm an duine ar fionraí atá faoi cheist, go gcuirtear an fhreagracht ar gach duine a fhíorú an bhfuil an duine a fhostaíonn sé nó lena bhfuil ceangal aige ar fionraí nó nach bhfuil. Is cosúil dom go dtéann an drochamhras ginearálta sin, a chruthaítear le foilsiú ar líne an 'taifid spórtúil', níos faide ná an cuspóir beartaithe.

157. In éineacht leis sin déanann an rogha foilsiú a dhéanamh ar líne de chuid NADA agus ÖADR dochar thairis sin don cheart go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú, go háirithe agus a raon feidhme *urbi et orbi* á chur san áireamh.[98] Is le Tuairim Ghrúpa Oibre 'Airteagal 29' a chuirtear chun suntais an baol go n-úsáidfear sonraí arna bhfoilsiú ar líne chun críocha eile nó le haghaidh próiseáil ina dhiaidh sin a chuireann isteach níos mó.[99]

158. Dar liom, cheadódh foilsiú ainmneach, ach teoranta do na heagraíochtaí ábhartha agus cónaidhmeanna spóirt, in éineacht mar shampla foilsiú ar Idirlíon le hainm bréige, an dá chuspóir beartaithe a bhaint amach ar bhealach nach gcuireann isteach an méid céanna ar chosaint sonraí pearsanta agus ar bhealach atá níos comhréirí leis an bprionsabal i leith íoslaghdú sonraí.

159. Thairis sin ní mheasaim go bhfuil an argóint arna cur in iúl ag NADA, atá bunaithe ar an gcomparáid le foilsiú na bpionós i leith gairmeacha eile, amhail dlíodóirí nó gairmithe sláinte, áititheach. Mar a chuir Rialtas na hÍsiltíre in iúl chuige sin, is cosúil go bhfuil gá le foilsiú ainmneacha dlíodóirí nó dochtúirí atá ar fionraí ós rud é go bhféadfadh gach duine a bheith ina dlíthí nó ina othar, cé gur leor i gcomhthéacs na dópála, go mbeidh ainm an lúthchleasaí lena mbaineann ar eolas i ndomhan an spóirt, ag na cónaidhmeanna spóirt lena mbaineann, seachas i gcásanna ar leith atá le scrúdú de réir an cháis.

160. Mar thoradh air sin, tá amhras suntasach orm maidir le *riachtanas* na próiseála atá faoi cheist i leith na gcuspóirí a shaothraítear.

97 Ba cheart a chur in iúl thairis sin de réir CDF, chun sárú ar an toirmeasc ceangal a bheith agat le duine atá ar fionraí a bhunú, gurb í an eagraíocht frithdhópála nach mór di a bhunú go raibh fios ag an lúthchleasaí nó an duine eile ar an reacht lena ndícháilítear an ball d'fhoireann bainistíochta an lúthchleasaí (Airteagal 2.10.2 de CDF).

98 Féach an breithiúnas in *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (mír 102), a chuireann an fíoras go bhfágann nochtadh poiblí ar líne go gcuirtear na sonraí pearsanta atá faoi cheist ar fáil gan srian ar an Idirlíon don phobal i gcoitinne agus, mar gheall air sin, do líon daoine a bhféadfadh a bheith gan teorainn san áireamh. Cuireann Cúirt Strasbourg an cineál modha arna úsáid chun na sonraí pearsanta a nochtadh san áireamh freisin agus rialaíodh gur bhain an-bhaol leis an scaipeadh ar an Idirlíon chuige sin (ECtHR, 9 Márta 2023, *L.B.* v *an Ungáir* (CE:ECHR:2023:0309JUD003634516, § 121)].

99 Féach Tuairim 4/2009 (míreanna 3.6.1 agus 3.6.2 maidir leis na pionóis).

– *Comhréireacht 'stricto sensu', eadhon cothromaíocht a aimsiú idir na leasanna atá ann*

161. Chun measúnú a dhéanamh ar *chomhréireacht* na próiseála lena mbaineann, is iomchuí cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta, saoirsí agus leasanna difriúla atá i gceist. Ní fhéadfaí cuspóir leasa ginearálta a shaothrú gan a chur san áireamh nach mór é a chur ag réiteach leis na cearta bunúsacha lena mbaineann, agus tugtar le tuiscint leis sin, sa chás seo, ualú cothrom a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, an cuspóir leasa ginearálta a shaothraítear agus, ar an taobh eile, cearta an duine a nochtar a shonraí pearsanta. [100]

162. Cuirim leis sin gurb iomchuí, i gcomhthéacs na hanailíse sin, aird a thabhairt ar na freagraí a thabharfaidh an Chúirt ar an dara ceist le haghaidh réamhrialú a bhaineann le sonraí sláinte a bheith ann de réir bhrí Airteagal 9 de RGCS agus ar an gcúigiú ceist le haghaidh réamhrialú maidir leis na sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó coireanna, faoi Airteagal 10 de RGCS. Ní chuireann urraim don phrionsabal i leith 'íoslaghdú' sonraí íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de RGCS i gcoinne na sonraí pearsanta a chur in iúl don phobal i gcás go bhfuil an cur in iúl sin riachtanach agus comhréireach. [101] Is fíor sin freisin nuair a thagann na sonraí atá faoi cheist faoi Airteagal 10 de RGCS, ar chuntar go bhforáiltear leis an reachtaíocht lena n-údaraítear an cur in iúl sin do ráthaíochtaí iomchuí le haghaidh cearta agus saoirsí na ndaoine lena mbaineann. [102] Mar sin féin, maidir le sonraí a thagann faoin dá fhoráil sin, tá tábhacht ar leith ag leasanna na ndaoine lena mbaineann in ualú na leasanna atá ann. [103]

163. Sa chás seo, is ionann an phróiseáil atá faoi cheist, lena n-áirítear foilsiú ar líne céannacht an lúthchleasaí lena mbaineann, agus cur isteach suntasach ar na cearta bunúsacha i leith urraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta agus d'fhéadfadh sí míshástacht na sochaí a spreagadh agus a fhágáil go ndéanfar stiogmatú ar an duine lena mbaineann. Is é seo an éifeacht a lorgaítear den 'phiolóid leictreach'.

164. Ní mór dá bhrí sin tromchúis an chur isteach sin a chur i gcothromaíocht le tábhacht na gcuspóirí a shaothraítear leis an bhfoilsiú.

165. Ba cheart a chur in iúl go mbaineann ceist na cúirte a rinne an tarchur leis an bhfoilsiú dá bhforáil ADBG, mar a chuir NADA agus ÖADR chun feidhme é, i leith lúthchleasaithe proifisiúnta nach dtagann faoi na heisceachtaí dá bhforáiltear (iad siúd a bhaineann le lúthchleasaithe amaitéaracha, daoine leochaileacha agus 'daoine a thugann fógra rabhaidh'). Is ionann an foilsiú ina leith sin agus foilsiú *ainmneach* atá ag an am céanna *gan teorainn ó thaobh a raon feidhme de* ós rud é scaiptear ar an Idirlíon é don phobal i gcoitinne, *gan teorainn uaireanta i leith a fhaid* i gcás fionraí saoil (a bhaineann le ceann amháin de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí), *córasach* agus *uathoibríoch*, nach bhfuil aon mheasúnú indibhidiúil de réir na n-imthosca mar pháirt dó de réir théarmaí ADBG.

100 Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (mír 98 agus an cásdlí dá dtagraítear).

101 Féach Airteagal 9(2)(g) de RGPD.

102 Féach breithiúnais an 24 Meán Fómhair 2019, *GC agus páirtithe eile (Díthagairt a dhéanamh do shonraí íogaire)* (C-136/17, EU:C:2019:773, mír 73), agus *Latvijas Republikas Saeima* (mír 104).

103 Déantar an rialú ar chomhréireacht agus an fíoras go meastar an sonra mar bheith íogair á chur san áireamh go háirithe (féach breithiúnais an 11 Nollaig 2019, *Asociația de Proprietari bloc MSA-ScaraA* (C-708/18, EU:C:2019:1064, mír 57), agus *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (mír 99)).

166. Leis an gcúram go léir a cheanglaítear i gcónaí don chuid sin den rialú ar chomhréireacht,[104] measaim go gcuirfidh an meascán de na ghnéithe difriúla sin (cineál ainmneach, gan teorainn, córasach agus uathoibríoch an fhoilsithe), in imthosca áirithe, isteach ar chearta chun cosaint sonraí pearsanta na ndaoine atá faoi cheist sa chaoi nach gcomhlíonann sé ceanglais ualaithe chothroim idir na leasanna difriúla atá ann.

167. Mar shampla, i gcás pionós fionraí fada,[105] fiú don saol, i leith lúthchleasaí nach bhfuil mórán aithne air, ar tháinig deireadh lena shaol spóirtiúil proifisiúnta tamall ó shin, d'fhéadfaí a mheas go dtagann foilsiú dleathach a shonraí pearsanta, le ham, chun bheith iomarcach ag féachaint do na cuspóirí beartaithe.

168. Maíonn NADA nár cheart aon idirdhealú a dhéanamh de réir thromchúis nó chineál atitimeach na sáruithe arna ndéanamh, ar an bhforas go gcuirtear an méid sin san áireamh tráth an phionóis agus nach bhfuil tionchar aige ar an bhfoilsiú, nach mór tarlú go neamhspleách ar na himthosca. Níl an argóint sin áititheach. Comhlíonann an foilsiú cuspóirí, cé gur cuspóirí iad atá le fáil faoi chreat an chomhraic frithdhópála, atá sonrach agus a ngabhann cothromaíocht idir na leasanna atá ann leo lena gceadaítear ceanglais RGCS a chur san áireamh, nár measadh ag céim an phionóis frithdhópála.

169. Mar sin, measaim nach bhfuil oibleagáid chun sonraí pearsanta a fhoilsiú, mar a eascraíonn as ADBG agus arna cur chun feidhm ag ÖADR agus NADA, ceadmhach, ach amháin, ag féachaint do na cuspóirí beartaithe díspreagtha agus chun dul timpeall ar na rialacha frithdhópála a sheachaint, a mhéid a thagann sí chun bheith comhréireach, go háirithe i dtéarmaí raon feidhme agus fad an fhoilsithe, agus imthosca sonracha an cháis atá faoi cheist á gcur san áireamh, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

Tráth an chothromaíocht a bhaint amach

170. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé acu a cheanglaítear le RGCS, roimh an bhfoilsiú, go n-aimseoidh an rialaitheoir cothromaíocht idir na leasanna atá i gceist de réir an cháis nó an leor an rialú ar chomhréireacht dá bhforáil an reachtas.

171. Sa chás seo, shamhlaigh an reachtas cásanna réamhshainithe gan beann ar na himthosca a bhaineann le gach cás indibhidiúil, trí ghnéithe den fhoilsiú a chur in iúl agus trí fhoráil a dhéanamh, áfach, d'eisceachtaí áirithe. Leis sin, chuir sé creat cheana féin leis an bhfoilsiú agus bhain sé cothromaíocht ar leith amach idir leas na lúthchleasaithe a nochtar a sonraí pearsanta, ar thaobh amháin, agus na leasanna a bhaineann leis an gcomhrac frithdhópála, ar an taobh eile.

172. Ba cheart a chur in iúl, áfach, mar rialaitheoirí arna n-ainmniú ag an reachtas náisiúnta, go bhfanann na heagraíochtaí náisiúnta frithdhópála atá faoi cheist (NADA agus ÖADR sa chás seo), de bhun Airteagal 5(2) de RGPD, i gceannas ar chur chun feidhme na próiseála agus freagrach ('cuntasacht') as urraim na bprionsabal i leith dhlíthiúlacht agus chomhréireacht na próiseála sin, agus urraim phrionsabal an íoslaghdaithe. Ní mór dóibh thairis sin a bheith in ann a léiriú go gcomhlíontar mír 1 den fhoráil sin.

[104] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Cruz Villalón sna cásanna uamtha *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2013:845, mír 149), a bhain, i gcomhthéacs dlíthiúil eile, le comhréireacht faid stórála sonraí.

[105] Féach, chuige sin, Dellaux, J., 'La réglementation de la lutte contre le dopage à l'aune de la jurisprudence de la Cour européenne des droits de l'homme, ou quand la pratique sportive justifie des restrictions importantes au droit au respect de la vie privée', *Revue trimestrielle des droits de l'homme*, Anthémis, Uimh. 116, 2018, go háirithe lgh. 899 agus 900.

173. Ní mór dóibh freisin, de bhun Airteagal 24(1) agus Airteagal 25(1) de RGPD, na bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme (amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm), *tráth chinneadh na modhanna chun an phróiseáil a dhéanamh agus tráth na próiseála féin*. Tá na bearta sin, nach mór a athscrúdú agus a thabhairt suas chun dáta más gá, beartaithe chun na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí ar bhealach éifeachtach agus ráthaíochtaí riachtanacha a chur ag gabháil leis an bpróiseáil a chur chun feidhme d'fhonn ceanglais RGCS a chomhlíonadh agus cearta an ábhair sonraí a chosaint. [106]

174. Cuirim in iúl thairis sin, sa chás seo, cé gur chinn an reachtas cuspóirí na próiseála agus, go páirteach, modhanna na próiseála sin, gurb iad NADA agus ÖADR, mar rialaitheoirí atá freagrach as a cur chun feidhme, a roghnaigh foilsiú ar an Idirlíon, agus roghnaigh ÖADR ainm na substainte faoi thoirmeasc atá faoi cheist a fhoilsiú freisin.

175. Sa chomhthéacs sin, is cosúil dom go mbaineann an freagra ar an gceist arna cur le hábhar agus le leibhéal beaichte an dlí náisiúnta is infheidhme i leith rialaitheoir na próiseála. Is cosúil dom nach scaoileann an fíoras go ndearna an reachtas náisiúnta foráil do phrionsabal an fhoilsithe an rialaitheoir saor óna fhreagracht i leith ceanglais RGCS a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta lena mbaineann a chosaint. D'fhéadfadh sé sin a thabhairt le tuiscint, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta, go gcuirfeadh sé imthosca sonracha an cháis san áireamh. [107] Thairis sin, tugaim faoi deara go bhfuil an cothromaíocht atá le baint amach de réir an cháis air sa chás seo le haghaidh fhoilsiú na sonraí a bhaineann leis na lúthchleasaithe ar fionraí a thagann faoi na heisceachtaí a luaitear in ADBG.

176. Dá bhrí sin, measaim go bhféadfadh a bheith mar pháirt de na forálacha arna lua de chuid RGCS, fiú mura gceanglaíonn siad a leithéid i ngach cás, go mbainfidh an rialaitheoir cothromaíocht amach de réir an cháis idir na leasanna atá ann nuair a chineann sé go háirithe na modhanna próiseála, dá bhrí sin lena n-áirítear roimh an bhfoilsiú. Chuige sin, d'fhéadfaí gnéithe a bhaineann le cineál, raon feidhme, comhthéacs agus cuspóirí na próiseála agus na rioscaí, a bhféadfadh a ndóchúlacht agus a dtromchúis athrú, a chur san áireamh, le haghaidh cearta agus saoirsí na ndaoine sin.

177. Ní fhéadfadh an argóint ar dá réir go bhfuil baol ann go bhfágfadh corrlach lánroghnach den sórt sin de chuid an rialaitheora go ndéanfaí idirdhealú idir lúthchleasaithe atá i gcásanna cosúla, ná an baol maidir le treallachas, mí-úsáid, fiú éilliú, arna chur in iúl go háirithe ag an gCoimisiún agus NADA, údar a thabhairt le cothromaíocht a bhaint amach de réir an cháis ar an gcaoi sin a thréigean, atá beartaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá i gcomhréir le RGCS. Féadfaidh cothromaíocht a bhaint amach ar an gcaoi sin an t-idirdhealú a sheachaint a fhéadfadh a bheith mar thoradh ar phróiseáil atá comhionann a chur i bhfeidhm i leith cásanna difriúla.

178. Is léir ón méid sin, dar liom, nach mór Airteagail 5 agus 6 de RGCS, arna léamh i bhfianaise na n-oibleagáidí agus na bhfreagrachtaí go léir atá ar an rialaitheoir, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear i gcoinne leo cothromaíocht a bhaint amach de réir an cháis idir na leasanna atá ann arna dhéanamh g an rialaitheoir roimh an bpróiseáil sonraí sin, fiú in imthosca áirithe, mar chothromú den sórt sin a cheangal más gá é chun na sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá i gcomhréir le RGCS.

[106] Féach Delforges, A., 'Titre 8 - Les obligations générales du responsable du traitement et la place du sous-traitant', in *Le règlement général sur la protection des données (RGPD/GDPR)*, Larcier, an Bhruiséil, 2018 (1ú eagrán), lgh. 371 go 406.

[107] Féach, chuige sin, Tuairim 4/2009 (mír 3.6 maidir leis na pionóis), a mholann, mar shampla, go háirithe tromchúis an tsáraithe frithdhópála, líon na sáruithe arna ndéanamh, an leibhéal ar a dtéann an lúthchleasaí san iomaíocht agus tuairisciú an cháis a chur san áireamh.

Conclúid maidir leis an tríú agus ceathrú ceist

179. Ag féachaint don mhéid thuas, molaim don Chúirt a thabhairt mar fhreagra ar an tríú ceist nach mór Airteagal 5(1)(a) agus (c), agus an dara fomhír d'Airteagal 6(3) de RGCS a léiriú sa chaoi go gcuirtear i gcoinne oibleagáid leo, a chuirtear ar eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála, chun sonraí pearsanta a fhoilsiú, amhail ainm na lúthchleasaithe ar a gearradh pionós as sárú ar an reachtaíocht frithdhópála, fad na fionraí arna gearradh agus na cúiseanna léi (go háirithe ainm na substainte faoi thoirmeasc), agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh, nuair nach gcomhlíontar ceanglas na comhréireachta nó nach gcomhlíontar a thuilleadh é, go háirithe i leith raon feidhme nó fhad an fhoilsithe, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

180. Maidir leis an gceathrú ceist, molaim don Chúirt a mheas nach mór Airteagail 5 agus 6 de RGCS, arna léamh i bhfianaise na n-oibleagáidí agus na bhfreagrachtaí go léir atá ar an rialaitheoir, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leo go ndéanfaidh an rialaitheoir, roimh phróiseáil sonraí, cothromaíocht a bhaint amach de réir an cháis idir na leasanna atá ann má cheanglaítear a leithéid chun na sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá i gcomhréir le RGCS.

An seachtú ceist

181. Chun an seachtú ceist a thuiscint, is iomchuí an comhthéacs inar cuireadh í a thabhairt chun cuimhne. Thaisc an t-iarratasóir YT, fiú sular foilsíodh a shonraí pearsanta ar shuíomhanna Idirlín NADA agus ÖADR, gearán le hÚdarás na hOstaire um Chosaint Sonraí Pearsanta bunaithe ar Airteagal 17 de RGCS lena bhforáiltear don cheart go ndéanfaí léirscriosadh. Dhiúltaigh an t-údarás deireanach sin do ghearán YT, ós rud é nár foilsíodh na sonraí atá faoi cheist go fóill. Foilsíodh na sonraí sin ina dhiaidh sin le linn an nós imeachta athbhreithnithe i gcoinne diúltú Údarás na hOstaire um Chosaint Sonraí dá ghearán.

182. Lena seachtú ceist a tharchuirtear, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa chéad áit, cé acu atá gearán, a dhéantar de bhun Airteagal 77 de RGCS maidir le sárú líomhainte ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh (Airteagal 17 de RGCS), inghlactha nuair nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí tar éis tarlú go fóill tráth a thaisctear a ghearán leis an údarás maoirseachta agus tráth a ghlac an t-údarás sin cinneadh.

183. Fiafraíonn sí, sa dara háit, maidir le hinghlacthacht gearáin den sórt sin *a posteriori* más rud é, tráth a thaisctear an gearán, go bhfuil comharthaí nithiúla ann cheana féin go raibh próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir ar tí tarlú nó go dtarlóidh sé go gar amach anseo.

An bhfuil an gearán don údarás maoirseachta roimh phróiseáil na sonraí inghlactha?

184. Foráiltear le hAirteagal 77(1) de RGPD go bhfuil an ceart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta 'má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo'.

185. I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, d'fhonn an fhoráil seo a léiriú, go gcuirfidh mé ní hamháin a téarmaí san áireamh, ach freisin a comhthéacs agus na cuspóirí a shaothraíonn an reachtaíocht dá bhfuil sí mar pháirt.[108]

[108] Féach breithiúnais an 12 Eanáir 2023, *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (C-132/21, 'an breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság*', EU:C:2023:2, mír 32), agus an 9 Eanáir 2025, *Österreichische Datenschutzbehörde (Iarrataí iomarcacha)* (C-416/23, EU:C:2025:3, mír 24).

186. Sa chéad áit, ní fhorchuirtear tréimhse theorann le téacs Airteagal 77 de RGCS chun gearán a thaisceadh maidir le próiseáil sonraí pearsanta. I gcás gur tharla an phróiseáil agus ansin go gconspóidtear í, dá luaithe a thaisctear an gearán is ea is gasta a fhéadfaidh athbhreithniú an údaráis tarlú agus is ea is luaithe a fhéadfar cosaint an ábhar sonraí a áirithiú. [109] Mar mhalairt air sin, ní fhoráiltear le téacs Airteagal 77(1) de RGPD don chás hipitéiseach nach bhfuil an phróiseáil tar éis tarlú cheana féin. Ba cheart a chur in iúl, chuige sin, go n-úsáideann an fhoráil sin na téarmaí 'go sáraíonn' san aimsir láithreach, a thugann le fios nach mór gur tharla an phróiseáil cheana féin, ach ní chuirtear an cás hipitéiseach de phróiseáil atá le teacht as an áireamh. [110]

187. Sa dara háit, de bhun na ngnéithe comhthéacs, ba cheart misin agus cumhachtaí na n-údarás maoirseachta a chur in iúl. Chuige sin, de bhun Airteagal 57(1)(f) de RGCS, ceanglaítear ar gach údarás maoirseachta na gearáin arna dtaisceadh ag gach ábhar sonraí a láimhseáil, imscrúdú a dhéanamh, a mhéid is iomchuí, ar ábhar an ghearáin agus an gearánaí a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn agus maidir le toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnta. Ní mór don údarás maoirseachta mar sin gearán den sórt sin a láimhseáil 'le gach dícheall is gá'. [111]

188. Thairis sin, cuirtear athbhreithniú ar chumhachtaí tábhachtacha *imscrúdaithe* de chúram ar an údarás sin d'fhonn na gearáin arna dtaisceadh a láimhseáil. Nuair aimsíonn údarás den sórt sin, ag deireadh a imscrúdaithe, sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin, ceanglaítear air frithghníomhú ar bhealach iomchuí d'fhonn an neamhdhóthanacht arna haithint a leigheas. Chuige sin, ainmníonn Airteagal 58(1) de RGPD na *bearta ceartaitheacha* a fhéadfaidh an t-údarás maoirseachta glacadh agus foráiltear léi chuige sin do chorrlach lánroghnach maidir le rogha na modhanna iomchuí agus riachtanacha. [112] I measc chumhachtaí an údaráis maoirseachta dá bhforáiltear in Airteagal 58(2)(a) de RGCS, féadfaidh sí '*fógraí rabhaidh a thabhairt*' do rialaitheoir '*gur dóchúil*' go sárófar RGCS leis na hoibríochtaí próiseála '*a bheartaítear*', ar thagann faoi chur chuige a fhéadfaí a mheas mar bheith 'cosantach' i leith cearta an ábhar sonraí. [113]

189. Tá na ceanglais agus cumhachtaí sin go léir de chuid na n-údarás maoirseachta beartaithe chun an nós imeachta gearáin a neartú d'fhonn sásra atá in ann cearta agus leasanna na n-ábhar sonraí a chosaint ar bhealach éifeachtach a dhéanamh as, nó 'fíor athbhreithniú riaracháin'. [114]

190. Ba cheart a chur in iúl freisin, de bhun na ngnéithe comhthéacs, nach mór don rialaitheoir, mar a chuir an Coimisiún chun suntais, roinnt oibleagáidí a chomhlíonadh, agus go háirithe an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas *roimh* dó próiseáil a dhéanamh. [115]

[109] Féach, chuige sin, Spiecker gen. Döhmann, I. et al., *General Data Protection Regulation: Article-by-Article Commentary*, Nomos – Beck – Hart, 2023, go háirithe lgh. 1010 go 1017.

[110] Cinnte, mar a chuireann Rialtais na hOstaire agus na Fionlainne chun suntais, cuirtear in iúl le mír 47 den bhreithiúnas in *Lindenapotheke* 'rialaítear le Caibidil VIII de RGCS, *inter alia*, na leigheasanna dlí lena gcumasaítear cearta an ábhair sonraí a chosaint i gcás *ina raibh* na sonraí pearsanta a bhaineann leis *faoi réir próiseála* a líomhnaítear a bhí ar neamhréir le forálacha an Rialacháin sin' (cló iodálach curtha leis agam). Mar sin féin, fágann an téarma '*inter alia*' go bhfuil orainn an argóint sin a fheiceáil ina ceart, a mhéid nach raibh próiseáil nár tharla go fóill in aon chás faoi cheist sa chás sin.

[111] Féach breithiúnas an 7 Nollaig 2023, *SCHUFA Holding (Urscaoileadh fiachas gan íoc)* (C-26/22 agus C-64/22, 'an breithiúnas in *SCHUFA Holding*', EU:C:2023:958, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[112] Féach an breithiúnas in *SCHUFA Holding* (mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[113] Féach freisin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, Quirin Privatbank (C-655/23, EU:C:2025:655, míreanna 43 go 50), maidir leis an bhféidearthacht atarlú próiseála neamhdleathaí sonraí pearsanta a chosc. Féach, thairis sin, an iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandsgericht Wien (an Ostair) sa chás *CRIF* (C-40/25), atá ar feitheamh tráth a scríobhtar an Tuairim seo, maidir leis an bhféidearthacht a éileamh ar an rialaitheoir staonadh ó aon scaipeadh nua aindleathach sonraí pearsanta.

[114] Féach na breithiúnais in *SCHUFA Holding* (mír 58), agus an 26 Meán Fómhair 2024, *Land Hessen (Oibleagáid an Údaráis um Chosaint Sonraí chun Gníomhú)* (C-768/21, EU:C:2024:785, mír 35). Féach, freisin, Tuairim an Abhcóide Ginearálta Pikamäe i gcásanna uamtha *SCHUFA Holding (Urscaoileadh fiachas gan íoc)* (C-26/22 agus C-64/22, EU:C:2023:222, mír 40).

[115] Féach, i gcomhthéacs inchomparáide Threoir 2016/680, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Bezirkshauptmannschaft Landeck (Iarracht rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta stóráilte ar fhón póca)* (C-548/21, EU:C:2024:830, míreanna 69 go 77), inar chinn an Chúirt gurb ionann *iarracht* próiseála agus próiseáil sonraí.

191. Is cosúil dom dá bhrí sin nach féidir cur chuige cosantach nó coisctheach de chuid na n-údarás maoirseachta i leith láimhseáil gearán, *a priori*, a chur as an áireamh i gcomhthéacs RGCS.

192. Sa tríú háit, deimhnítear an léiriú sin leis na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin. Is léir *inter alia* ó aithris 10 de go bhfuil sé beartaithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha i leith próiseáil sonraí pearsanta laistigh den Aontas. Dearbhaítear, thairis sin, in aithris 11 den Rialachán céanna sin go gceanglaítear le haghaidh cosaint éifeachtach na sonraí sin go neartófar cearta na n-ábhar sonraí.

193. D'fhéadfadh srianadh na hoibleagáide atá ar na húdaráis maoirseachta chun gearáin a láimhseáil, áfach, de bhun Airteagal 57(1)(f) de RGCS, trí Airteagal 77(1) den Rialachán céanna a léiriú sa chaoi go gcuirtear gach féidearthacht chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta as an áireamh 'd'fhonn próiseáil a dhéanamh', a bheith ag teacht salach ar na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin, go háirithe an cuspóir chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha i leith próiseáil sonraí pearsanta laistigh den Aontas.

194. Measaim, dá bhrí sin, i bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh gearán a dhéantar de bhun Airteagal 77 de RGCS a bheith inghlactha, in ainneoin an fhíorais nár tharla próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí go fóill tráth a thaisctear a ghearán leis an údarás maoirseachta.

195. Measaim, áfach, amhail an Coimisiún agus Rialtas na hOstaire, gurb é sin atá i gceist i leith an tsáraithe líomhainte ar RGCS agus nach bhfuil an phróiseáil lena mbaineann, arb ionann í, sa chás seo, agus foilsiú na sonraí pearsanta, go hiomlán hipitéiseach. [116]

196. Sa chás seo, tá iarraidh os comhair na Cúirte, bunaithe ar Airteagal 17 de RGCS, atá dírithe ar ghearán i leith léirscriosadh na sonraí atá faoi cheist, agus shonraigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí lena mbaineann (YT) chuige sin go raibh foilsiú a shonraí 'nach mór ar tí tarlú go cinnte'.

197. Tugtar le tuiscint le gearán atá dírithe ar léirscriosadh na sonraí sin (amhail iarraidh ar cheartú sonraí), de réir hipitéise de, gur tharla an phróiseáil atá faoi cheist, sa chás seo, foilsiú na sonraí. Is cosúil go bhfuil sé dodhéanta don rialaitheoir leanúint ar aghaidh le gearán den sórt sin agus na sonraí a léirscriosadh mura nochtadh go fóill iad, seachas dá dtuigfí an gearán sin mar bheith beartaithe i ndáiríre chun foilsiú a shonraí a *chosc* [117] (agus ní chun iad a léirscriosadh), rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a mheas.

198. In éineacht leis sin, ní thagann léiriú den sórt sin salach ar na cuspóirí chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shonraí pearsanta, ós rud é go gceadaítear le forálacha eile de RGCS iarrataí maidir le próiseáil atá le teacht a fhreagairt. Mar a chuir Rialtas na hOstaire in iúl, tugtar le tuiscint le hAirteagal 79(1) de RGPD, a bhaineann leis an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach, gurb ann, sa dlí náisiúnta, do chaingne nós imeachta i gcás bagartha go bhfuiltear ar tí cur isteach

[116] Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Meta Platforms Ireland (Caingean ionadaíoch)* (C-757/22, EU:C:2024:598, mír 44). Bheadh gearán atá dírithe ar an oibleagáid faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 12 de RGCS nó ar an gceart rochtana dá bhforáiltear in Airteagal 15 den Rialachán sin inghlactha, mar shampla, roimh thús próiseála sonraí (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Meta Platforms Ireland (Caingean ionadaíoch)* (C-757/22, EU:C:2024:598, mír 45)).

[117] Tá sé insamhlaithe go bhféadfadh an gearánaí, sa chás seo, a éileamh ar an údarás maoirseachta rabhadh a thabhairt don rialaitheoir nó toirmeasc a chur air na sonraí pearsanta a fhoilsiú trí neamhdhleathacht na próiseála a agairt mar shampla. Má tá an phróiseáil neamhdhleathach, féadfaidh an t-ábhar sonraí cur i gcoinne na próiseála sin gan foras dlisteanach sáraitheach ar bhonn Airteagal 17(1)(c) de RGCS arna déanamh. Mar sin féin, ní cosúil gurb ann do na cásanna hipitéiseacha sin sa chás seo.

go neamhdhleathach ar na cearta arna ndeonú le RGCS. Áirítear leis sin an fhéidearthacht i ndlí na hOstaire chun caingne a thionscnamh i leith scor coisctheach roimh thús na próiseála, nó fiú, i gcás gur thosaigh an phróiseáil, an fhéidearthacht chun iarraidh ar údarás na hOstaire an srian ar an bpróiseáil sin a rialú ar bhonn Airteagal 18 de RGCS.

199. Dá bhrí sin, táim den tuairim nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh gearán a dhéantar ar bhonn Airteagal 77 de RGCS a bheith inghlactha, in ainneoin an fhíorais nár tharla próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí go fóill tráth a thaisctear a ghearán leis an údarás maoirseachta ach nach bhfuil sí go hiomlán hipitéiseach. In imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí, áfach, ní bheidh an gearán, bunaithe ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh dá bhforáiltear in Airteagal 17 de RGCS, inghlactha nuair a bhaineann sé le próiseáil (sa chás seo foilsiú sonraí pearsanta an ábhair sonraí), cé go bhfuil sí ar tí tarlú, nach bhfuil ann tráth a thaisctear gearán an ábhair sonraí sin leis an údarás maoirseachta, ná tráth a ghlacann an t-údarás maoirseachta sin a chinneadh.

An dtagann an gearán don údarás maoirseachta chun bheith inghlactha 'a posteriori'?

200. Baineann an cheist seo le léiriú Airteagal 77 de RGCS, a bhaineann leis an gceart gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta. Is cosúil dá bhrí sin go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé acu a fhéadfaidh gearán den sórt sin, ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sé do-ghlactha, teacht *a posteriori* chun bheith inghlactha *os comhair an údaráis maoirseachta* má tharlaíonn an phróiseáil atá i gceist (sa chás seo nochtadh na sonraí) fad atá caingean i gcoinne chinneadh an údarás maoirseachta sin ar feitheamh os comhair na cúirte achomhairc. Is cosúil dom gur faoin dlíchóras náisiúnta atá sé chuige sin an cheist a réiteach maidir le cé acu a fhéadfaidh an chúirt achomhairc, nó fiú a cheart di, i gcás den sórt sin, an cheist a chur ar ais chuig an údarás maoirseachta chun í a athscrúdú i bhfianaise gnéithe fíorasacha nua, an faoin ábhar sonraí atá sé gearán a ataisceadh nó an féidir leis an gcúirt achomhairc rialú a thabhairt í féin ar an gcás atá os a comhair ag féachaint do ghnéithe nua fíorasacha arb ionann iad sa chás seo agus foilsiú sonraí. Ba cheart a chinntiú chuige sin go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart a ráthaítear le RGCS agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach a fhorálacha.

201. A mhéid arb iomchuí, amhail Rialtas na hOstaire, an cheist ón gcúirt a rinne an tarchur a thuiscint sa chaoi go ndíríonn sí ar inghlacthacht gearáin den sórt sin *os comhair na cúirte* achomhairc, is é atá i gceist sa chás sin iarmhairtí na n-éifeachtaí a bhaineann le hathrú fíorasach a scrúdú, eadhon an phróiseáil arb ionann í agus foilsiú na sonraí pearsanta, a tharla i ndiaidh chinneadh an údaráis maoirseachta agus fad atá leigheas breithiúnach, a fheidhmítear ar bhonn Airteagal 78 de RGCS, ar feitheamh i gcoinne an chinnidh sin, i gcás inarb ann do chomharthaí nithiúla, tráth an ghearáin, go raibh próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir ar tí tarlú nó go dtarlóidh sí go gar amach anseo.

202. Ba cheart a thabhairt chun cuimhne gur ghníomhaigh reachtas an Aontais, mar chuid de RGCS, chun modhanna sásaimh difriúla a chur ar fáil do na daoine a agraíonn sárú ar an Rialachán seo, agus tuiscint ann gur féidir gach ceann de na modhanna sásaimh sin a fheidhmiú 'gan dochar' do na modhanna eile. [118]

[118] Féach an breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (mír 34). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Richard de la Tour i gCás, *D agus páirtithe eile (Gaol idir leigheasanna)*, (C-414/24, EU:C:2025:656, mír 46), maidir leis an ngaol idir gearán riaracháin agus caingean bhreithiúnach)

203. Mar sin, foráiltear le hAirteagal 78(1) de RGCS, gan dochar do leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach ar bith eile, go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlíthiúil leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil i gcoinne cinneadh a bhaineann leo a dhéanann údarás maoirseachta agus atá ina cheangal de réir dlí. Is léir ón méid sin gur cheart go mbeadh inniúlacht iomlán ag na cúirteanna a bhfuil achomharc os a gcomhair i gcoinne cinnidh ó údarás maoirseachta, agus go háirithe an inniúlacht chun gach ceist i leith fíoras agus dlí a bhaineann leis an díospóid os a gcomhair a scrúdú. [119] Beidh an t-athbhreithniú breithiúnach a fheidhmítear ar chinneadh maidir le gearán arna ghlacadh ag údarás maoirseachta, chun go mbeidh sé 'éifeachtach', mar a cheanglaítear leis an bhforáil sin, iomlán dá bhrí sin. [120] Thairis sin, ráthaítear le hAirteagal 79(1) den Rialachán céanna an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil le haghaidh gach ábhar sonraí '[g]an dochar d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach atá ar fáil, lena n-áirítear an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta de bhun Airteagal 77'.

204. Cinnte, aithníodh cheana féin, le glacadh RGCS, nár bheartaigh reachtas an Aontais comhchuibhiú uileghabhálach a dhéanamh ar na modhanna sásaimh atá ar fáil i gcás sárú ar fhorálacha RGCS, dá bhforáiltear in Airteagal 77 go 79 den Rialachán sin. [121] Go háirithe, i gcás go dtaisctear gearán le húdarás maoirseachta agus go dtaisctear caingne breithiúnacha laistigh den Bhallstát céanna maidir leis an bpróiseáil chéanna ar shonraí pearsanta, ní fhoráiltear le RGCS d'fhorálacha sonracha.

205. Cé nár bheartaigh reachtas an Aontais comhchuibhiú uileghabhálach a dhéanamh chuige sin, níor mhian leis, ach oiread, an fhéidearthacht arna cur in iúl leis an gceist ón gcúirt a rinne an tarchur a chur as an áireamh, eadhon inghlacthacht gearáin *a posteriori* arna thaisceadh in imthosca amhail imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí.

206. In éagmais reachtaíocht ón Aontas maidir leis sin, is faoin gach Ballstát atá sé, de bhun phrionsabal neamhspleáchais nós imeachta na mBallstát, modhanna na nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha a shocrú atá beartaithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do na cearta a fhaigheann na dlíthithe ó dhlí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinntiú go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart arna ráthú le RGCS, cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach fhorálacha an Rialacháin sin agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse, a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt. [122]

207. Dá bhrí sin, is ar bhonn na bhforálacha nós imeachta náisiúnta a bhfuil ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh conas a cheart na modhanna sásaimh dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta a chur chun feidhme i ngach cás. Ní mór di a áirithiú chuige sin nach n-imríonn na modhanna nithiúla chun na modhanna sásaimh a fheidhmiú tionchar ar bhealach díréireach ar an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse. Ní mór di a chinntiú freisin go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart a ráthaítear le RGCS agus go n-urramaíonn na modhanna sin prionsabail na héifeachtachta agus an chomhionannais. [123]

208. In éagmais beaichte ón gcúirt a rinne an tarchur maidir leis na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil lena dlí náisiúnta, ba cheart a mheas, dar liom, nach mór Airteagal 77(1) den Rialachán sin, arna scrúdú i bhfianaise Airteagal 78(1) de RGPD, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear i gcoinne leis inghlacthacht gearáin ar dhiúltaigh an t-údarás maoirseachta dó cheana féin mar bheith

119 Féach an breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (mír 41).

120 Féach an breithiúnas in *SCHUFA Holding* (mír 53).

121 Féach na breithiúnais in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (mír 37), agus *Lindenapotheke* (mír 60).

122 Féach an breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (míreanna 45 agus 57).

123 Féach an breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság* (míreanna 46, 48 agus 51).

do-ghlactha, i gcás go dtarlaíonn an phróiseáil sonraí nuair atá an chaingean bhreithiúnach maidir leis na fíorais chéanna ar feitheamh os comhair na cúirte. Is faoin dlíchóras náisiúnta atá sé, agus urraim á tabhairt do phrionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta, na coinníollacha d'inghlacthacht den sórt sin a shocrú, os comhair údarás maoirseachta agus os comhair cúirte, sa chaoi go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart a ráthaítear le RGCS, cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach a fhorálacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse.

Conclúid maidir leis an seachtú ceist

209. Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, molaim don Chúirt a thabhairt mar fhreagra ar an seachtú ceist nach mór Airteagal 77 de RGCS a léiriú sa chaoi nach bhfuil gearán, atá bunaithe ar Airteagal 17 den Rialachán sin (sárú líomhainte ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh), inghlactha i gcás go mbaineann sé le próiseáil ar foilsiú sonraí pearsanta an ábhair sonraí í, nárbh ann di, cé go raibh sí ar tí tarlú, tráth a thaisc an t-ábhar sonraí an gearán leis an údarás maoirseachta, ná tráth a ghlac an t-údarás sin an cinneadh, gan dochar áfach d'inghlacthacht fhéideartha gearáin atá dírithe ar phróiseáil sonraí pearsanta nach bhfuil go hiomlán hipitéiseach agus a chuireann le gníomhú coisctheach nó cosantach de chuid an údaráis maoirseachta.

210. Thairis sin, agus é arna scrúdú i bhfianaise Airteagal 78(1) de RGPD, ní chuireann Airteagal 77 den Rialachán sin i gcoinne inghlacthacht gearáin ar dhiúltaigh an t-údarás maoirseachta dó cheana féin mar bheith do-ghlactha, i gcás go dtarlaíonn an phróiseáil sonraí nuair atá an chaingean bhreithiúnach maidir leis na fíorais chéanna ar feitheamh os comhair na cúirte. Is faoin dlíchóras náisiúnta atá sé, agus urraim á tabhairt do phrionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta, na coinníollacha d'inghlacthacht den sórt sin a shocrú, os comhair údarás maoirseachta agus os comhair cúirte, sa chaoi go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart a ráthaítear le RGCS, cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach a fhorálacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse.

Conclúid

211. I bhfianaise an mhéid thuas, molaim don Chúirt na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ag an Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin na Cónaidhme, an Ostair) a fhreagairt mar seo a leanas:

(1) Maidir leis an gcéad abairt d'Airteagal 16(2) CFAE agus Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní fhéadfaí an phróiseáil sonraí pearsanta, de bhun na rialacha náisiúnta frithdhópála, arb ionann í agus foilsiú ainmneacha na lúthchleasaithe lena mbaineann, an spórt a chleachtar, an sárú ar na rialacha frithdhópála arna dhéanamh, an pionós arna fhorchur agus tús agus deireadh an phionóis sin, a mheas mar bheith déanta mar chuid de 'ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais', de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Rialachán 2016/679.

(2) Maidir le hAirteagal 9(1) de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní hionann an fíoras go nochtar ainm an lúthchleasaí lena mbaineann, fad a fhionraí agus cúiseanna na fionraí sin, agus próiseáil sonra a bhaineann leis an tsláinte, de réir bhrí na forála sin, seachas má áirítear i measc na gcúiseanna sin ainm na substainte nó na substaintí atá faoi thoirmeasc ar thángthas orthu in orgánach an lúthchleasaí atá faoi cheist, ar chuntar gur dóchúil go nochtfaí leis an bhfaisnéis sin, fiú go hindíreach, faisnéis maidir le staid sláinte, fiú amach anseo, an lúthchleasaí lena mbaineann, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

(3) Maidir le hAirteagal 5(1)(a) agus (c) agus an dara fomhír d'Airteagal 6(3) de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear i gcoinne oibleagáid leo, a chuirtear ar eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála, chun sonraí pearsanta a fhoilsiú, amhail ainm na lúthchleasaithe ar a gearradh pionós as sárú ar an reachtaíocht frithdhópála, fad na fionraí arna gearradh agus na cúiseanna léi (go háirithe ainm na substainte faoi thoirmeasc), agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh, nuair nach gcomhlíontar ceanglas na comhréireachta nó nach gcomhlíontar a thuilleadh é, go háirithe i leith raon feidhme nó fhad an fhoilsithe, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

(4) Maidir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán 2016/679, arna léamh i bhfianaise na n-oibleagáidí agus na bhfreagrachtaí uile atá ar an rialaitheoir,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ceanglaítear leo go ndéanfaidh an rialaitheoir, roimh phróiseáil sonraí, cothromaíocht a bhaint amach de réir an cháis idir na leasanna atá ann má cheanglaítear a leithéid chun na sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá i gcomhréir le Rialachán 2016/679.

(5) Maidir le hAirteagal 10 de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

d'fhéadfadh feidhm a bheith aige i leith próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe nó coireanna dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta frithdhópála, ós rud é, gan beann ar aicmiú na gcoireanna sin sa dlí náisiúnta, go saothraítear leis na ciontuithe atá mar thoradh orthu cuspóir smachtúil agus go léiríonn siad leibhéal tromchúise sa chaoi go bhfuil éifeacht atá comhionann le pionós coiriúil acu, rud nach mór don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

(6) Maidir le hAirteagal 10 de Rialachán 2016/679, arna léamh i bhfianaise Airteagal 79(1) den Rialachán sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí nó cinntí údaráis ar cuireadh de chúram air rialú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna nó le bearta slándála gaolmhara de bhun na forála sin in ann a bheith ina n-ábhar d'athbhreithniú breithiúnach.

(7) Maidir le hAirteagal 77 de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

– níl gearán, atá bunaithe ar Airteagal 17 de Rialachán 2016/679 (sárú líomhainte ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh), inghlactha i gcás go mbaineann sé le próiseáil ar foilsiú sonraí pearsanta an ábhair sonraí í, nárbh ann di, cé go raibh sí ar tí tarlú, tráth a thaisc an t-ábhar sonraí an gearán leis an údarás maoirseachta, ná tráth a ghlac an t-údarás sin an cinneadh, gan dochar áfach d'inghlacthacht fhéideartha gearáin atá dírithe ar phróiseáil sonraí pearsanta nach bhfuil go hiomlán hipitéiseach agus a chuireann le gníomhú coisctheach nó cosantach de chuid an údaráis maoirseachta;

– agus é arna scrúdú i bhfianaise Airteagal 78(1) de Rialachán 2016/679, ní chuireann Airteagal 77 den Rialachán céanna sin i gcoinne inghlacthacht gearáin ar dhiúltaigh an t-údarás maoirseachta dó cheana féin mar bheith do-ghlactha, i gcás go dtarlaíonn an phróiseáil sonraí nuair atá an chaingean bhreithiúnach maidir leis na fíorais chéanna ar feitheamh os comhair na cúirte. Is faoin dlíchóras náisiúnta atá sé, agus urraim á tabhairt do phrionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta, na coinníollacha d'inghlacthacht den sórt sin a shocrú, os comhair údarás maoirseachta agus os comhair cúirte, sa chaoi go n-áirithítear éifeachtacht chosaint na gceart a ráthaítear le RGCS, cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach a fhorálacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse.